HEA | An tÚdarás um Ard-Oideachas
The Higher Education Authority

# Athbhreithniú Earnála ar Shocruithe Comhairliúcháin agus Tuairiscithe: Caiteachas ar Sheirbhísí do Mhic Léinn agus Tobhach na Mac Léinn

## Tuarascáil ó Ghrúpa Oibre an ÚAO

An Dr Deirdre Stritch, thar ceann an Údaráis um Ard-Oideachas
(2025)

# Brollach

Thar ceann Ghrúpa Oibre an ÚAO, tá áthas orm an tuarascáil uainn ar an Athbhreithniú Earnála ar Shocruithe Comhairliúcháin agus Tuairiscithe: Caiteachas ar Sheirbhísí do Mhic Léinn agus Tobhach na Mac Léinn a chur i láthair. Thionóil an ÚAO an Grúpa Oibre i mí na Bealtaine 2024 tar éis iarraidh a fháil ó Uachtaráin Aontais na Mac Léinn go ndéanfaí athbhreithniú chun scrúdú a dhéanamh ar chomhairliúchán agus caidreamh le mic léinn agus ar thrédhearcacht agus infheictheacht an tuairiscithe ar chaiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn agus tobhach na mac léinn. Ba thráthúil a bhí an t-athbhreithniú, i bhfianaise na n-athruithe suntasacha earnála a thit amach sna deich mbliana seo a chuaigh thart agus i bhfianaise na bhfreagrachtaí reachtacha a chuirtear ar an ÚAO maidir le Caidreamh le Mic Léinn (alt 43) agus maidir le Rannpháirtíocht Náisiúnta Mac Léinn (alt 44) faoi Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na seacht n-institiúid ardoideachais déag (féach Aguisín A) a ghlac páirt san athbhreithniú trí fhreagra a thabhairt ar an teimpléad tuairiscithe a scaipeadh i mí na Samhna 2024 agus a comhlánaíodh faoi lár mhí Eanáir 2025. Cuirtear i láthair sa tuarascáil seo na príomhthéamaí agus na príomhthreochtaí a d'eascair as an anailís a rinneadh ar an bhfaisnéis a fuarthas ó na hinstitiúidí. Gabhtar inti leithead na gcleachtas atá ann i ndáil le comhairliúchán le mic léinn agus i ndáil le trédhearcacht an tuairiscithe ar chaiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn agus tobhach na mac léinn.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis na comhaltaí den Ghrúpa Oibre (féach Aguisín B) as ucht a rannpháirtíochta san athbhreithniú agus as ucht a dtiomantais dó agus as an treoir agus as an aiseolas a thug siad maidir leis an teimpléad tuairiscithe agus maidir leis an tuarascáil féin. Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Dr Deirdre Stritch as an tuarascáil seo a ullmhú agus leis an ÚAO as formhaoirseacht agus bainistiú a dhéanamh ar an athbhreithniú.

Molaim d'institiúidí ardoideachais agus don ÚAO leas a bhaint as na fionnachtana atá sa tuarascáil seo, agus aird ar leith á tabhairt ar na cásanna dea-chleachtais maidir le comhairliúchán le mic léinn agus maidir le trédhearcacht an tuairiscithe chun bonn eolais breise a chur faoi na cleachtais atá i bhfeidhm cheana agus chun na cleachtais sin a fhorbairt agus a neartú tuilleadh.



Anne Scott, Ollamh Emerita

Cathaoirleach an Ghrúpa Oibre

# Achoimre Fheidhmeach

**Freagraithe**: 17 nInstitiúid Ardoideachais

## Rannán I: Caiteachas ar Sheirbhísí do Mhic Léinn

**i. Comhairliúchán le mic léinn maidir le caiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn**

a. Thuairiscigh 16 institiúid ardoideachais go bhfuil raon struchtúr éagsúil i bhfeidhm acu chun dul i gcomhairle le mic léinn maidir le caiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn.
   - Thuairiscigh 16 institiúid ardoideachais go bhfuil ionadaithe mac léinn ina gcomhaltaí de phríomhchoistí rialachais a bhfuil freagrachtaí cinnteoireachta orthu maidir le caiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn nó go bhfuil ionadaithe mac léinn ina gcomhaltaí de choistí rialachais a dhéanann formhaoirseacht ar an gcinnteoireacht sin.
   - Thuairiscigh sé institiúid ardoideachais (ceithre cinn ón earnáil ardoideachais teicneolaíochta) go bhfuil coiste tiomnaithe airgeadais mac léinn ag a bhfuil comhaltaí is mic léinn i bhfeidhm.
   - Rinne naoi n-institiúid ardoideachais (sé cinn ón earnáil ollscoileanna traidisiúnta) cur síos ar shásraí eile le haghaidh dul i gcomhairle le mic léinn, amhail coistí mac léinn, buanrúnaíocht aontas mac léinn, suirbhéanna, fócasghrúpaí/cruinnithe idir baill foirne shinsearacha agus ionadaithe mac léinn.
   - Thuairiscigh dhá institiúid ardoideachais go mbaintear leas as próisis dearbhú cáilíochta chun dearcthaí mac léinn a ghabháil ar sheirbhísí do mhic léinn, rud a chuireann bonn eolais faoi chinntí maidir le caiteachas.
   - Thuairiscigh dhá institiúid ardoideachais nach ndéanann siad aon tuairisciú foirmiúil ar chaiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn.

b. An líon cruinnithe coiste: 2–24 gach bliain; meánlíon cruinnithe: 5.

c. An bhfuil sé amhlaidh go bhfoilsíonn an institiúid ardoideachais comhaltas/Téarmaí Tagartha coiste ar líne: 10 n-institiúid ardoideachais (tá), cúig institiúid ardoideachais (níl), institiúid ardoideachais amháin (comhaltas coiste).

d. An bhfuil sé amhlaidh go ndéanann an institiúid ardoideachais caidreamh le mic léinn chun feabhas a chur ar an bpróiseas comhairliúcháin: 15 institiúid ardoideachais (tá), dhá institiúid ardoideachais (níl).

**ii. Trédhearcacht agus infheictheacht na socruithe tuairiscithe**

- Rinne 13 institiúid ardoideachais cur síos ar na príomhchoistí atá freagrach as buiséid a cheadú.
- Foilsíonn ocht n-institiúid ardoideachais ráitis airgeadais/tuarascálacha ar chaiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn ar líne.

## Rannán II: Tobhach Mac Léinn

**i. Institiúidí a bhfuil tobhach mac léinn i bhfeidhm acu**

- Thuairiscigh naoi n-institiúid ardoideachais go bhfuil tobhach mac léinn i bhfeidhm acu don bhliain acadúil 2024/25, agus thuairiscigh institiúid ardoideachais amháin go bhfuil dhá thobhach i bhfeidhm aici.
- Ar fud na naoi n-institiúid ardoideachais sin, is ann do cheithre thobhach ilfheidhmeacha[1], do thrí thobhach ar shaoráidí spóirt agus do thrí thobhach ar ionaid mac léinn.
- I measc na dteideal a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar an tobhach mac léinn tá 'Tobhach Mac Léinn', Tobhach ar Ionaid Mac Léinn, Táille Caipitíochta Mac Léinn, Táille Ranníocaíochta Saoráidí Mac Léinn, Tobhach ar Spásanna agus Ionaid Mac Léinn, agus Muirear Spóirt Mac Léinn.
- Tá tobhaigh mac léinn sa raon idir €30 agus €254 in aghaidh na bliana.
- Tobhaigh a tugadh isteach: tar éis na bliana 2010 (seacht dtobhach), 2000–2010 (tobhach amháin), roimh an mbliain 2000 (dhá thobhach).
- Dáta deiridh sonraithe: 2039/40 go 2041/42 (ceithre thobhach); níl aon dáta deiridh ag sé thobhach mar gheall ar chostais leanúnacha.

**ii. Mic léinn a íocann tobhach mac léinn**

- Tá feidhm ag an Tobhach Mac Léinn maidir le mic léinn lánaimseartha agus maidir le mic léinn pháirtaimseartha.
- Thuairiscigh cúig institiúid ardoideachais gurb ionann an tobhach a ghearrtar ar mhic léinn ar líne agus an tobhach a ghearrtar ar mhic léinn a fhreastalaíonn i bpearsa. Thuairiscigh trí institiúid ardoideachais nach ngearrtar an tobhach céanna orthu, agus luaigh institiúid ardoideachais amháin nach mbaineann sé sin le hábhar. Is ionann an tobhach a ghearrtar ar mhic léinn ar chláir chumaisc (ceithre institiúid ardoideachais) agus an tobhach a ghearrtar ar mhic léinn a fhreastalaíonn i bpearsa.

**iii. Comhairliúchán le mic léinn maidir le tobhach na mac léinn**

- Thug naoi n-institiúid ardoideachais tobhach mac léinn isteach tar éis reifreann mac léinn.
- Thuairiscigh ceithre institiúid ardoideachais go raibh cumarsáid thiomnaithe ar bun idir lucht bainistíochta na hinstitiúide ardoideachais agus coistí/comhairlí sonracha mac léinn nó le hionadaithe mac léinn maidir le tobhach mac léinn a thabhairt isteach.
- Thuairiscigh cúig institiúid ardoideachais go bhfuil mic léinn ar choistí a bhfuil ról acu maidir leis an tobhach a cheadú nó maidir le cinnteoireacht airgeadais i leith an tobhaigh. Is coistí tiomnaithe tobhaigh/caipitíochta atá i dtrí cinn de na coistí sin.

**iv. Sásraí tuairiscithe atá i bhfeidhm do thobhach na mac léinn**

- Chuir seacht n-institiúid ardoideachais in iúl go dtuairiscítear ioncam agus caiteachas a bhaineann le tobhach na mac léinn do choiste airgeadais agus leithdháilte acmhainní.

[1] Rannchuidítear le raon feidhmeanna difriúla leis na tobhaigh seo, amhail tionscadail chaipitil, meáin chumarsáide mac léinn, seirbhísí sláinte, seirbhísí meabhairshláinte, clubanna agus cumainn, clár piarfhoghlama, agus aontas na mac léinn. I gcásanna áirithe, rannchuidítear leo le hionaid mac léinn agus le saoráidí spóirt.

- Thuairiscigh trí institiúid ardoideachais go bhfuil coiste caipitíochta i bhfeidhm.
- Tugann institiúid ardoideachais amháin an t-eolas is deireanaí d'aontas na mac léinn gach bliain.

## Rannán III: Caiteachas ar Sheirbhísí do Mhic Léinn agus Tobhach na Mac Léinn

### i. Feabhsuithe sonracha is féidir a dhéanamh chun feabhas a chur ar an bpróiseas comhairliúcháin.

Shainaithin naoi n-institiúid ardoideachais roinnt bealaí inar féidir feabhas a chur ar phróisis chomhairliúcháin le mic léinn, lena n-áirítear iad seo a leanas,

- caiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn/tobhach mac léinn a chur ar áireamh mar mhír ar an gclár oibre do choistí iomchuí,
- treisiú le rannpháirtíocht mac léinn i gcoistí/grúpa comhairleach mac léinn a bhunú,
- seirbhísí do mhic léinn a shainaithint mar mhír caiteachais, agus faisnéis a sholáthar ar líne.

### ii. Dea-chleachtas maidir leis na struchtúir/na sásraí atá i bhfeidhm

**Comhairliúchán le mic léinn**

- Léirigh ocht n-institiúid ardoideachais dea-chleachtas trí chultúr caidrimh a chothú le mic léinn trí chomhaltas de choistí agus trí fhóraim fhoirmiúla/neamhfhoirmiúla éagsúla a bheith ann le haghaidh ionadaíocht mac léinn.
- Rinne cúig institiúid ardoideachais trácht ar na gnéithe dearfacha a bhaineann le caidreamh díreach a dhéanamh le haontas na mac léinn nó le grúpaí eile mac léinn.
- Chuir trí institiúid ardoideachais in iúl gur ann do choiste atá tiomnaithe do chaiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn agus go dtionóltar cruinnithe idir ionadaithe mac léinn agus pearsana sinsearacha.

**Trédhearcacht agus infheictheacht an tuairiscithe**

- Chuir cúig institiúid ardoideachais in iúl go dtugtar ról do mhic léinn ar phríomhchoistí cinnteoireachta nó formhaoirseachta.
- Luaigh dhá institiúid ardoideachais go bhfuil sásraí foirmiúla ar bun le haghaidh tuairisciú don údarás ceannais nó d'fhochoistí.
- Dúirt institiúid ardoideachais amháin go dtugtar miondealú mionsonraithe ar chaiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn.

# Clár Ábhar

Brollach ....................................................................................................1
Achoimre Fheidhmeach ....................................................................................................2
Clár Ábhar ....................................................................................................5
Tábla Fíoracha ....................................................................................................6
Liosta Táblaí ....................................................................................................7
1. Réamhrá ....................................................................................................8
1.1 Cúlra agus Comhthéacs ....................................................................................................8
1.2 Athbhreithniú ón ÚAO ....................................................................................................11
2. Modheolaíocht ....................................................................................................12
2.1 Teorainneacha ....................................................................................................12
3. Caiteachas ar Sheirbhísí do Mhic Léinn: Anailís ....................................................................................................14
3.1 Réamhrá ....................................................................................................14
3.2 Forbhreathnú ar Fhreagraithe ....................................................................................................14
3.3 Príomhfhionnachtana ....................................................................................................15
3.3.1 Conas a Théann Institiúidí Ardoideachais i gComhairle le Mic Léinn maidir le Caiteachas ar Sheirbhísí do Mhic Léinn? ....................................................................................................15
3.3.2 Príomhfhigiúirí ....................................................................................................18
3.3.3 An bhfuil sé amhlaidh go ndearnadh caidreamh le mic léinn maidir le conas is féidir feabhas a chur ar an bpróiseas comhairliúcháin? ....................................................................................................19
3.3.4 Cé na socruithe tuairiscithe atá i bhfeidhm maidir le caiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn? ....................................................................................................22
3.4 Tuairimí Breise ....................................................................................................24
4. Tobhach Mac Léinn: Anailís ....................................................................................................28
4.1 Réamhrá ....................................................................................................28
4.2 Forbhreathnú ar Fhreagraithe ....................................................................................................28
4.3 Príomhfhionnachtana ....................................................................................................29
4.3.1 Cé a Ghearrann Tobhaigh Mac Léinn? ....................................................................................................29
4.3.2 Cén Uair a Tugadh Tobhaigh Isteach agus Cén Uair a Thiocfaidh Siad chun Deiridh? ....................................................................................................30
4.3.3 Cé a Íocann Tobhaigh? ....................................................................................................31
4.3.4 Conas a Théitear i gComhairle le Mic Léinn maidir leis an Tobhach Mac Léinn? 32
4.3.5 Cé na Sásraí Tuairiscithe atá i bhFeidhm do Thobhach na Mac Léinn? ....................................................................................................35

4.4 Tuairimí Breise ....... 36
5. Caiteachas ar Sheirbhísí do Mhic Léinn agus Tobhach na Mac Léinn: Anailís ....... 37
5.1 Réamhrá ....... 37
5.2 Forbhreathnú ar Fhreagraithe ....... 37
5.3 Príomhfhionnachtana ....... 37
5.3.1 Cé na feabhsuithe sonracha is féidir a dhéanamh chun feabhas a chur ar an bpróiseas comhairliúcháin le mic léinn? ....... 37
5.3.2 Cé na feabhsuithe is féidir a dhéanamh chun feabhas a chur ar shocruithe tuairiscithe? ....... 40
5.3.3 Dea-chleachtas maidir le comhairliúchán le mic léinn ....... 41
5.3.4 Dea-chleachtas maidir le tuairisciú ....... 44
5.4 Tuairimí breise ....... 46
6. Plé ....... 47
7. Conclúid ....... 49
Aguisín A: Na hInstitiúidí Ardoideachais a bhí Rannpháirteach ....... 51
Aguisín B: Comhaltaí den Ghrúpa Oibre ....... 52
Aguisín C: Treoir maidir leis an Teimpléad Tuairiscithe ....... 53
Aguisín D: Teimpléad Tuairiscithe ....... 55

# Tábla Fíoracha

Fíor 1: Próisis ar thuairiscigh institiúidí ardoideachais go bhfuil siad i bhfeidhm acu le haghaidh dul i gcomhairle le mic léinn maidir le caiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn ....... 15
Fíor 2: An líon institiúidí ardoideachais a chuireann faisnéis faoi chomhaltas agus téarmaí tagartha coistí rialachais iomchuí ar fáil go poiblí ....... 19
Fíor 3: Freagra ar an gceist maidir le cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh caidreamh le mic léinn, agus maidir leis an gcaidreamh iarbhír a rinneadh, chun feabhas a chur ar an bpróiseas comhairliúcháin maidir le seirbhísí do mhic léinn. ....... 20
Fíor 4: Freagraí ó institiúidí ardoideachais ar an gceist maidir le cé acu a sholáthraítear nó nach soláthraítear faisnéis faoi chaiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn d'aontais mac léinn 23
Fíor 5: Institiúidí ardoideachais a ghearrann tobhach nó tobhaigh mac léinn ....... 29
Fíor 6: Tuairisceoirí ar an tobhach mac léinn ....... 30
Fíor 7: An céatadán d'institiúidí ardoideachais a ghearrann an tobhach céanna ar mhic léinn ar líne agus ar mhic léinn a fhreastalaíonn i bpearsa araon ....... 32

Fíor 8: Modhanna comhairliúcháin a úsáideann institiúidí ardoideachais chun caidreamh a dhéanamh le mic léinn maidir leis an tobhach mac léinn (baineann na figiúirí leis an líon institiúidí ardoideachais) ..... 33

Fíor 9: Feabhsuithe féideartha a mhol institiúidí ardoideachais chun feabhas a chur ar chomhairliúchán le mic léinn maidir le caiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn agus tobhach na mac léinn. ..... 38

# Liosta Táblaí

Tábla 1: Liosta de na hinstitiúidí ardoideachais a chuir freagra isteach i leith Rannáin I agus III den tuairisc theimpléadach ..... 14

Tábla 2: Liosta de na hinstitiúidí ardoideachais a bhfuil tobhaigh mac léinn i bhfeidhm acu ..... 28

Tábla 3: Príomhchuspóir na dtobhach mac léinn a ghearrann institiúidí ardoideachais ..... 30

Tábla 4: Na sainmhínithe a tugadh ar an téarma 'páirtaimseartha' ..... 31

# 1. Réamhrá

## 1.1 Cúlra agus Comhthéacs

### Caiteachas ar Sheirbhísí do Mhic Léinn

Eisíodh treoir d'institiúidí ardoideachais maidir le socruithe comhairliúcháin agus tuairiscithe maidir le caiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn agus tobhach na mac léinn sa bhliain 2011. Tugadh an treoir sin isteach tar éis don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste tuarascáil a fhoilsiú sa bhliain 2010 ina bhfuarthas amach go raibh éagsúlacht ann idir earnálacha agus institiúidí maidir le cleachtas tuairiscithe ar sheirbhísí do mhic léinn, rud a fhágann go mbíonn sé deacair faisnéis a sholáthraítear i ráitis airgeadais na hinstitiúide a chur i gcomparáid le chéile. Ag teacht sna sála ar an tuarascáil sin ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, d'fhoilsigh an ÚAO Tuarascáil ar Mhuirear na Mac Léinn[2] i mí Lúnasa 2010. Moladh sa tuarascáil sin go ndéanfadh institiúidí ardoideachais caidreamh díreach le mic léinn maidir le muirear na mac léinn a leithdháileadh. Moladh inti freisin go bhféachfadh institiúidí ardoideachais ar bhealaí inar féidir feabhas a chur ar phróisis chomhairliúcháin le mic léinn agus go bhfoilseodh siad tuarascálacha bliantúla ar a suíomhanna Gréasáin ina mionsonraítear ioncam agus caiteachas a bhaineann le muirir mac léinn ar mhaithe le trédhearcacht níos fearr a chinntiú.

Tugadh Ranníocaíocht nua Mac Léinn isteach le héifeacht ó mhí Mheán Fómhair 2011, rud a cuireadh in ionad Mhuirear na Mac Léinn a bhí ann roimhe sin. Bunaíodh Grúpa Oibre um Ranníocaíocht na Mac Léinn an bhliain chéanna. Shainmhínigh an grúpa sin seirbhísí do mhic léinn mar sheirbhísí a thacaíonn le "leas mac léinn lasmuigh de chomhthéacs a gcláir acadúil fhoirmiúil".[3] Bhí an sainmhíniú dírithe ar thrí chroíréimse – leas agus treoir, gníomhaíochtaí seach-churaclaim, agus cóiríocht/cúram leanaí – agus deimhníodh ann go bhféadfadh institiúidí ardoideachais aonair cur leis an liosta sin de réir mar is cuí agus de réir mar a chomhaontaítear leis na cuallachtaí iomchuí mac léinn. D'fhorbair an Grúpa Oibre teimpléad le haghaidh caiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn a thuairisciú, agus mhol sé go bhfoilseofaí tuarascálacha gach bliain agus go gcuirfí na tuarascálacha sin ar fáil do mhic léinn reatha agus ionchasacha, do lucht bainistíochta na hinstitiúide agus don ÚAO.

Chomh maith leis sin, d'fhorbair an grúpa oibre Creat Athbhreithnithe um Dhea-Chleachtas maidir le Rannpháirtíocht Mac Léinn i bPróisis Leithdháilte Inmheánacha. Sa Chreat Athbhreithnithe, cuireadh leis na próisis chomhairliúcháin a bhí ann cheana ag an am sin, agus aithníodh go bhfuil socruithe áitiúla éagsúla ar bun i measc institiúidí agus go ndéantar ionadaíocht do mhic léinn ar bhoird na hinstitiúide. Cuireadh in iúl ann freisin go bhféadfadh na gnéithe seo a leanas a bheith i gceist leis an dea-chleachtas maidir le comhairliúchán le mic léinn:

- Ionadaíocht aontas na mac léinn a bheith ann ar phríomh-Choiste Airgeadais na n-institiúidí.

[2] ÚAO (2010) *Review of Student Charge.* Ar fáil ag: [Review-of-Student-Charge.pdf]()
[3] Tuarascáil ón nGrúpa Oibre um Ranníocaíocht na Mac Léinn, Samhain 2011 (neamhfhoilsithe)

- Beirt ionadaithe ar a laghad ó aontas na mac léinn a bheith ar Fhóram Lárnach nó ar Choiste Seirbhísí do Mhic Léinn (mar aon le mic léinn eile, de réir mar is cuí).
- Coiste Caipitíochta nó Coiste Airgeadais Mac Léinn — a bheadh ina fhochoiste den Fhóram Lárnach nó den Choiste Seirbhísí do Mhic Léinn — agus mic léinn freagrach as 50% dá chomhaltas, chun an ciste caipitíochta arna ríomh ag an bpríomh-Choiste Airgeadais a leithroinnt (ar chlubanna, ar aontas na mac léinn agus ar chumainn).
- Grúpa Comhairleach um Sheirbhísí do Mhic Léinn, a d'fhéadfadh a bheith faoi chathaoirleacht ag Déan na Mac Léinn nó a c(h)oibhéis, agus lena n-áireofaí oifigigh shinsearacha ó aontas na mac léinn chun an sceideal bliantúil caiteachais a bhreithniú agus chun caiteachas breise a mholadh nó breithniú a dhéanamh ar a chuí atá na leithdháiltí reatha ar sheirbhísí do mhic léinn.[4]

## Tobhach Mac Léinn

Féadfaidh institiúidí ardoideachais tobhach breise a ghearradh freisin i gcás gur comhaontaíodh é sin leis an gcuallacht mac léinn. Faoi alt 40(1) d'Acht na nOllscoileanna, 1997, agus faoi alt 24(1) d'Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta, 2018, féadfaidh institiúidí ardoideachais táillí breise a ghearradh ar mhic léinn chun roinnt críocha éagsúla, lena n-áirítear imeachtaí agus seirbhísí. I bhformhór na gcásanna, gearradh tobhaigh den sórt sin i ndáil le caiteachais shonracha, amhail saoráidí nua spóirt a fhorbairt nó freastal ar na costais a bhaineann le rochtain leanúnach a thabhairt ar na saoráidí sin. Cé go n-úsáideann roinnt institiúidí ardoideachais an téarma 'tobhach' chun cur síos a dhéanamh ar roinnt muirear a ghearrtar ar mhic léinn (mar shampla, costais a bhaineann le bronnadh céime, le grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána, etc.), b'amhlaidh, chun críocha an staidéir seo, a shainmhínigh an ÚAO an téarma mar mhuirir a comhaontaíodh leis an gcuallacht mac léinn "chun freastal ar na costais a bhaineann le clubanna spóirt, cumainn mac léinn, Aontas na Mac Léinn nó comhlachtaí ionadaíocha". Féadfaidh tobhaigh den sórt sin oibriú faoi raon téarmaí éagsúla.

## Rannpháirtíocht Mac Léinn i gCinnteoireacht

Thit athruithe suntasacha earnála amach sna 14 bliana seo a chuaigh thart ó moladh na socruithe comhairliúcháin agus tuairiscithe atá leagtha amach thuas. I gcásanna áirithe, tá seans ann go ndearna na hathruithe sin difear do na sásraí le haghaidh caidreamh agus comhairliúchán le mic léinn agus d'infheictheacht an tuairiscithe ar chaiteachas. Sa bhliain 2016, d'fhoilsigh an ÚAO tuarascáil ón ngrúpa oibre um rannpháirtíocht mac léinn in ardoideachas na hÉireann dar teideal *Enhancing Student Engagement in Decision-Making*. D'aithin an grúpa oibre nach leor ionadaíocht mac léinn ar bhoird cheannais (a cheanglaítear faoi reacht in Éirinn) chun fíorchultúr rannpháirtíochta a fhorbairt. D'aithin sé freisin go raibh éagsúlacht mhór ó thaobh cleachtais de le feiceáil laistigh d'institiúidí agus ina measc araon. Agus neamhspleáchas na hinstitiúide á chur san áireamh, moladh sa tuarascáil deich bprionsabal (neamh-fhorordaitheacha) lena n-úsáid chun buntacú le rannpháirtíocht mac

[4] Tuarascáil ón nGrúpa Oibre um Ranníocaíocht na Mac Léinn, Samhain 2011, lgh 10–11 (neamhfhoilsithe)

léinn[5], agus iarradh inti ar institiúidí ardoideachais beartais a fhorbairt, i gcomhpháirt le mic léinn, maidir le comhairliúchán agus rannpháirtíocht mac léinn bunaithe ar na deich bprionsabal sin:

1. Daonlathas
2. Mic léinn mar chomhpháirtithe
3. Cuimsitheacht agus éagsúlacht (ó thaobh léargas agus rannchuidithe de)
4. Trédhearcacht (i bpróisis chinnteoireachta agus i rialachas)
5. Mic Léinn mar chomhchruthaitheoirí
6. Comhghleacaíocht agus paireacht measa
7. Gairmiúlacht agus tacaíocht
8. Aiseolas agus lúb aiseolais
9. Féincháineadh agus feabhsú
10. Comhsheasmhacht

Measadh go rannchuideodh beartais institiúideacha den sórt sin agus a gcur chun feidhme le dálaí agus cultúr a fhorbairt inar féidir le rannpháirtíocht mac léinn bláthú. Tá an cur chuige a mhol an grúpa oibre bunaithe ar an smaoineamh gurb ionann mic léinn agus comhpháirtithe, rud a shainmhíníonn Aontas na Mac Léinn san Eoraip mar a leanas:

> *A partnership goes far beyond the mere consultation, involvement, or representation of students in decision-making processes. Where a partnership exists, students do not only identify areas that could be enhanced, but they help to identify ways in which that enhancement can be carried out, as well as to help facilitate the implementation process wherever possible.*[6]

Déantar trácht sa tuarascáil freisin ar sheimineár de chuid phróiseas Bologna inar moladh go soláthrófaí oiliúint do chomhaltaí coiste is mic léinn, go n-aithneofaí an rannpháirtíocht sin agus go ndeimhneofaí na hinniúlachtaí agus na scileanna a gnóthaíodh, agus go dtabharfaí tús áite do shásraí a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go sreabhann faisnéis ón ionadaí mac léinn chuig mic léinn eile (lch 20). Cé nach ndearnadh aon iarracht san athbhreithniú seo aghaidh a thabhairt ar a mhéid atá feidhm ag na tosca sin maidir le socruithe comhairliúcháin agus tuairiscithe maidir le caiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn agus tobhach na mac léinn in institiúidí ardoideachais na hÉireann, is amhlaidh a thugann meastóireacht ar an dóigh a bhfuil socruithe reatha ag teacht leis na prionsabail deis luachmhar le haghaidh iniúchadh agus breithniú amach anseo.

---

[5] Ghlac an grúpa oibre sainmhíniú Trowler agus Trowler ar rannpháirtíocht mac léinn: "The investment of time, effort and other relevant resources by both students and their institutions intended to optimise the student experience and enhance the learning outcomes and development of students, and the performance and reputation of the institution." Trowler, V. agus Trowler, P. (2011) *Student engagement toolkit for leaders.* Londain: An Fhondúireacht Ceannaireachta um Ardoideachas agus um Thaighde agus Meastóireacht Ardoideachais.

[6] Aontas na Mac Léinn san Eoraip (2013), mar atá luaite sa tuarascáil seo a leanas: An Grúpa Oibre um Rannpháirtíocht Mac Léinn in Ardoideachas na hÉireann (2016) *Enhancing Student Engagement in Decision-Making,* lch 6. Inrochtana ag: HEA-IRC-Student-Engagement-Report-Apr2016.pdf

## 1.2 Athbhreithniú ón ÚAO

Sa bhliain 2024, d'iarr Uachtaráin Aontais na Mac Léinn ar an ÚAO athbhreithniú a dhéanamh ar shocruithe comhairliúcháin agus tuairiscithe maidir le caiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn agus tobhach na mac léinn. I measc na saincheisteanna a tharraing na mic léinn anuas bhí an gá atá le tuilleadh caidrimh agus comhairliúcháin leis an gcuallacht mac léinn agus le tuilleadh infheictheachta agus trédhearcachta maidir leis an tuairisciú ar chaiteachas. Mar gheall ar an iarraidh sin ó Uachtaráin Aontais na Mac Léinn agus ar na freagrachtaí reachtacha a leagadh ar an ÚAO le déanaí faoi Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022, a mhéid a bhaineann le caidreamh le mic léinn (alt 43), le rannpháirtíocht náisiúnta mac léinn (alt 44) agus le forálacha lena gceadaítear don ÚAO athbhreithniú a dhéanamh ar na táillí a ghearrtar, mheas an ÚAO gur thráthúil agus iomchuí an rud é athbhreithniú a dhéanamh ar shocruithe reatha comhairliúcháin agus tuairiscithe maidir le caiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn agus tobhach na mac léinn. Scrúdaíodh na réimsí seo a leanas mar chuid den athbhreithniú:

I. Sásraí le haghaidh dul i gcomhairle le mic léinn, agus le haghaidh caidreamh a dhéanamh leo, maidir le tobhaigh mac léinn agus maidir le caiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn.
II. A shainaithint cé na teidil a bhaineann le tobhach mac léinn.
III. Cohóirt mac léinn a thabhaíonn tobhach mac léinn.
IV. Trédhearcacht agus infheictheacht socruithe tuairiscithe.
V. Dea-chleachtas a shainaithint.

# 2. Modheolaíocht

I mí na Samhna 2024, d'iarr an tÚdarás um Ardoideachas (ÚAO) ar 17 n-institiúid ardoideachais[7] faisnéis a sholáthar faoi na struchtúir atá i bhfeidhm acu chun dul i gcomhairle le mic léinn agus tuairisciú ar chaiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn agus tobhach na mac léinn. Moladh dóibh trácht a dhéanamh ar na struchtúir atá i bhfeidhm ar champais na hÉireann don bhliain acadúil 2024/25 agus don bhliain sin amháin; i gcás nach raibh siad in ann déanamh amhlaidh, bhí cead acu faisnéis a sholáthar don bhliain acadúil 2023/24. Tugadh d'institiúidí ardoideachais treoirlínte agus teimpléad tuairiscithe (atá ar áireamh in Aguisín C agus in Aguisín D) chun comhsheasmhacht a chinntiú sna freagraí.

Roinneadh an teimpléad tuairiscithe ina thrí rannán:

- Rannán I: Seirbhísí do Mhic Léinn, ina raibh dhá phríomhcheist agus fo-cheisteanna.
- Rannán II: Tobhach Mac Léinn, ina raibh seacht gceist agus fo-cheisteanna.
- Rannán III: Caiteachas ar Sheirbhísí do Mhic Léinn agus Tobhach na Mac Léinn, ina raibh trí phríomhcheist agus fo-cheisteanna.

I mí Feabhra agus go luath i mí an Mhárta 2025, rinne sainchomhairleoir neamhspleách athbhreithniú ar na freagraí a fuarthas ó na hinstitiúidí ardoideachais. Bhí sé mar aidhm leis sin sainaithint a dhéanamh ar threochtaí agus téamaí a d'eascair as na sonraí i leith na hearnála ardoideachais i gcoitinne agus i leith gach fo-earnála (ollscoileanna traidisiúnta, institiúidí san earnáil ardoideachais teicneolaíochta, agus saincholáistí), de réir mar ba chuí agus ab iomchuí. Leagadh fionnachtana amach do gach ceann de na trí cheannteideal den tuairisc theimpléadach: seirbhísí do mhic léinn; tobhach mac léinn; agus caiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn agus tobhach na mac léinn. Sainaithníodh roinnt moltaí de bhun na hanailíse sin, agus iad leagtha amach i gconclúid na tuarascála seo.

## 2.1 Teorainneacha

Ba cheart na teorainneacha seo a leanas a bhaineann leis an athbhreithniú a thabhairt faoi deara sula dtiocfar ar aon chonclúid le linn beartais nó gníomhartha eile a fhorbairt, i bhfianaise an t-athbhreithniú seo a bheith á dhéanamh trí fhreagraí suirbhé.  I bhformhór na gcásanna, ba shocraithe ag ardleibhéal a bhí na freagraí a fuarthas ó na hinstitiúidí ardoideachais ar an teimpléad tuairiscithe, agus níor gabhadh iontu i ngach cás leithead iomlán an chleachtais atá i bhfeidhm, mar gheall ar an athbhreithniú a bheith á dhéanamh i bhfoirm suirbhé. Dá bhrí sin, bhí na freagraí sa raon idir freagraí gonta, inar tugadh faisnéis measartha sonrach i gcásanna áirithe, agus faisnéis mhionsonraithe, inar tugadh faisnéis fhairsing faoi na socruithe éagsúla atá i bhfeidhm. Mar thoradh air sin, tá seans ann nár thuairiscigh institiúidí ardoideachais na sásraí uile atá i bhfeidhm chun dul i gcomhairle agus

[7] Is ionann na hinstitiúidí seo agus institiúidí ainmnithe ardoideachais faoi Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022 (alt 53), agus áirítear leo institiúid lena n-oibríonn an ÚAO faoi Reacht agus a fhaigheann croíchoistiú poiblí.

caidreamh a dhéanamh le mic léinn nó chun tuairisciú ar chaiteachas. Tá seans ann freisin nár tugadh dóthain mionsonraí faoi na sásraí sin atá i bhfeidhm chun go bhféadfaí grinntuiscint a fháil ar an dóigh a n-oibríonn socruithe agus sásraí den sórt sin sa chleachtas ná ar cé chomh héifeachtach agus atá siad, is dócha. Dá bhrí sin, ba cheart féachaint ar an athbhreithniú seo mar phointe tosaigh agus ní mar dheireadh an phlé ar thopaic an chomhairliúcháin agus an tuairiscithe ar chaiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn agus tobhach na mac léinn.

# 3. Caiteachas ar Sheirbhísí do Mhic Léinn: Anailís

## 3.1 Réamhrá

Sa rannán seo den tuairisc theimpléadach, iarradh ar institiúidí ardoideachais forbhreathnú a thabhairt ar na struchtúir atá i bhfeidhm (lena n-áirítear tuairisciú tríd an gcomhlacht ceannais) chun dul i gcomhairle le mic léinn maidir le caiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn. Iarradh orthu freisin a dheimhniú cé na socruithe tuairiscithe atá i bhfeidhm maidir leis an gcaiteachas sin agus cé acu a fhoilsítear nó nach bhfoilsítear an fhaisnéis sin.

## 3.2 Forbhreathnú ar Fhreagraithe

Chuir 17 n-institiúid ardoideachais san iomlán freagra isteach (féach Tábla 1 thíos) i leith Rannáin I agus III (ocht n-ollscoil thraidisiúnta, cúig ollscoil teicneolaíochta, dhá institiúid teicneolaíochta, agus dhá shaincholáiste). Úsáidtear an téarma 'institiúid san earnáil ardoideachais teicneolaíochta' sa tuarascáil seo chun tagairt d'ollscoileanna teicneolaíochta agus d'institiúidí teicneolaíochta araon, agus úsáidtear an téarma 'ollscoileanna traidisiúnta' chun tagairt do na seacht n-ollscoil a bunaíodh roimhe sin agus do Choláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn.

| Ainm na hInstitiúide Ardoideachais | Cineál Institiúide |
|---|---|
| Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh | Ollscoil Teicneolaíochta |
| Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath | Ollscoil Thraidisiúnta |
| Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan | Institiúid Teicneolaíochta |
| Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire | Institiúid Teicneolaíochta |
| Coláiste Mhuire gan Smál | Saincholáiste |
| Ollscoil Mhá Nuad | Ollscoil Thraidisiúnta |
| Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan | Ollscoil Teicneolaíochta |
| An Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha | Saincholáiste |
| Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn | Ollscoil Thraidisiúnta |
| Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt | Ollscoil Teicneolaíochta |
| Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath | Ollscoil Teicneolaíochta |
| Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne | Ollscoil Teicneolaíochta |
| Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath | Ollscoil Thraidisiúnta |
| An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath | Ollscoil Thraidisiúnta |
| Ollscoil na Gaillimhe | Ollscoil Thraidisiúnta |
| Ollscoil Luimnigh | Ollscoil Thraidisiúnta |
| Coláiste na hOllscoile, Corcaigh | Ollscoil Thraidisiúnta |

*Tábla 1: Liosta de na hinstitiúidí ardoideachais a chuir freagra isteach i leith Rannáin I agus III den tuairisc theimpléadach*

## 3.3 Príomhfhionnachtana

### 3.3.1 Conas a Théann Institiúidí Ardoideachais i gComhairle le Mic Léinn maidir le Caiteachas ar Sheirbhísí do Mhic Léinn?

Thuairiscigh sé institiúid ardoideachais déag go bhfuil raon struchtúr éagsúil i bhfeidhm acu chun dul i gcomhairle le mic léinn maidir le caiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn. Ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, go raibh éagsúlacht mhór ann maidir leis an méid mionsonraí a fuarthas ó na hinstitiúidí difriúla. Cé gur thug roinnt díobh breac-chuntas mionsonraithe ar na deiseanna uile atá ar fáil do mhic léinn chun aiseolas a thabhairt ar sheirbhísí do mhic léinn, ní dhearna roinnt eile trácht ach ar na príomhshásraí rialachais atá i bhfeidhm. Dá bhrí sin, tá sé deacair a shuí cé chomh forleathan agus atá na cineálacha cur chuige is cuimsithí a thuairiscigh roinnt institiúidí ardoideachais. Is achoimrithe i bhFíor 1 agus pléite ar bhealach níos mine thíos atá na príomhshásraí trína dtéann institiúidí ardoideachais i gcomhairle le mic léinn maidir le caiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn:




*Fíor 1: Próisis ar thuairiscigh institiúidí ardoideachais go bhfuil siad i bhfeidhm acu le haghaidh dul i gcomhairle le mic léinn maidir le caiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn*

#### *Ionadaíocht aontas na mac léinn/ionadaíocht mac léinn ar bhoird agus coistí na hinstitiúide ardoideachais*

Thuairiscigh sé institiúid ardoideachais déag go bhfuil ionadaithe mac léinn (arb oifigigh ó aontas na mac léinn iad go minic) ina gcomhaltaí de phríomhchoistí rialachais a bhfuil freagracht cinnteoireachta orthu maidir le caiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn agus/nó go bhfuil ionadaithe mac léinn ina gcomhaltaí de choistí rialachais a dhéanann formhaoirseacht ar an gcinnteoireacht sin. Is samplaí léiritheacha iad na samplaí seo a leanas:

> *Tá ionadaithe mac léinn ar gach príomhchoiste, amhail Coiste […] na Mac Léinn, an Coiste Caipitíochta, an Coiste Pleanála, an Coiste Airgeadais, an Chomhairle agus an Bord, áit a ndéantar seirbhísí agus airgeadas a thuairisciú, a athbhreithniú agus a mhaoiniú. Cuireann na hionadaithe mac léinn dearcthaí na mac léinn in iúl ag pléití maidir le tosaíochtaí caiteachais.* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais.**

> *Tá triúr ionadaithe ó Aontas na Mac Léinn, an tUachtarán ina measc, ina gcomhaltaí d'Údarás Ceannais na hOllscoile, agus gníomhaíonn Uachtarán Aontas na Mac Léinn mar chomhalta den Choiste Airgeadais, […] agus Bainistíochta. Mar chomhaltaí de na comhlachtaí sin, déanann siad formhaoirseacht mhionsonraithe ar chaiteachas na hOllscoile, agus is féidir leo a dtuairimí a chur in iúl faoi aon ghné den chaiteachas sin faoi shaoirse.* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais.**

### *Coiste tiomnaithe airgeadais mac léinn i bhfeidhm*

Thuairiscigh sé institiúid ardoideachais (arb institiúidí san earnáil ardoideachais teicneolaíochta atá i gceithre cinn díobh) go bhfuil coiste tiomnaithe airgeadais mac léinn ag a bhfuil comhaltaí is mic léinn i bhfeidhm, i dteannta ionadaíocht mac léinn ar choistí i gcoitinne. Tá ról ag na coistí sin maidir le cinneadh a dhéanamh ar na cistí a leithdháilfear ar sheirbhísí do mhic léinn nó ar an gcistiú a sholáthrófar d'aontas na mac léinn agus/nó do chlubanna agus cumainn mac léinn. Thuairiscigh dhá institiúid ardoideachais eile go bhfuil Coiste Caipitíochta i bhfeidhm, agus tá Coiste Tobhaigh i bhfeidhm ag institiúid ardoideachais amháin. Is samplaí léiritheacha iad na samplaí seo a leanas:

> *Tá coiste airgeadais mac léinn i bhfeidhm ina gcomhaontaítear an dóigh a leithdháilfear muirear na mac léinn ar sheirbhísí do mhic léinn.* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais**

> *Is é Coiste […] na Mac Léinn an príomh-Choiste le haghaidh dul i gcomhairle le mic léinn ar gach gné d'eispéireas na mac léinn nó de na seirbhísí do mhic léinn, lena n-áirítear caiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn. Tuairiscíonn sé go díreach don Chomhairle Acadúil, áit a ndéanann líon suntasach comhaltaí ionadaíocht do mhic léinn.* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais**

> *Soláthraítear leithdháileadh bliantúil caipitíochta don Choiste Airgeadais Mac Léinn, a leithdháileann an cistiú idir Clubanna agus Cumainn (gníomhaíochtaí seach-churaclaim) agus cistiú chun Aontas na Mac Léinn a riar. Is mic léinn atá i bhformhór na gcomhaltaí den Choiste Airgeadais Mac Léinn, agus tá Déan na Mac Léinn i measc na n-ionadaithe ón Ollscoil.* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais**

### *Comhairliúchán díreach le grúpaí mac léinn agus/nó leis an bpobal mac léinn i gcoitinne*

Rinne naoi n-institiúid ardoideachais (lenar áiríodh sé cinn ón earnáil ollscoileanna traidisiúnta) cur síos ar an raon sásraí éagsúla eile atá i bhfeidhm acu le haghaidh dul i gcomhairle le mic léinn. Ní raibh sé soiléir i ngach cás, áfach, cé acu a dhíríonn nó nach ndíríonn na sásraí sin ar chaiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn. Áiríodh iad seo a leanas leis na sásraí a bhí i gceist: coistí agus fóraim éagsúla mac léinn; idirchaidreamh le buanrúnaíocht

aontas na mac léinn; suirbhéanna agus fócasghrúpaí; agus cruinnithe idir baill foirne shinsearacha agus mic léinn/ionadaithe mac léinn. Áirítear iad seo a leanas leis na samplaí de sin:

> *Is ag Aontas na Mac Léinn Fochéime atá seirbhís rúnaíochta laistigh den Oifig um Sheirbhísí do Mhic Léinn, agus oibríonn an rúnaíocht sin go dlúth leis an aontas ar nithe éagsúla a bhaineann le caiteachas ar sheirbhísí.* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais**

> *Buaileann an Leas-Uachtarán do Mhic Léinn, […] agus an […] atá freagrach as eispéireas na mac léinn le hUachtaráin aontas na mac léinn gach mí. Tugann an fóram sin deis do na páirtithe lena mbaineann saincheisteanna a tharraingt anuas maidir le tacaí seirbhíse do mhic léinn … Is minic a iarrann Uachtaráin aontais na mac léinn acmhainní a mheasann siad a bheith riachtanach chun tacú le heispéireas na mac léinn, agus breithnítear na hiarrataí sin.* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais**

> *Tagann Déan na Mac Léinn agus ionadaithe Aontas na Mac Léinn le chéile gach bliain chun plé a dhéanamh ar chaiteachas na bliana airgeadais roimhe agus ar bhuiséad na bliana reatha do chaiteachas a bhaineann le mic léinn. Teimpléad tuairiscithe do chaiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn, rud ar sholáthair Cumann Ollscoileanna Éireann é ar dtús lena chomhlánú, comhroinntear é le Déan na Mac Léinn agus le hAontas na Mac Léinn roimh an gcruinniú.* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais**

> *Cuirtear aiseolas ó mhic léinn san áireamh go tráthrialta, rud a chuireann bonn eolais faoi chinnteoireacht maidir le forbairt seirbhísí. Bailítear an t-aiseolas sin ar bhealaí éagsúla, amhail suirbhéanna, cruinnithe i bpearsa, agus fóraim oscailte.* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais**

### *Próisis dearbhú cáilíochta*

Thuairiscigh dhá institiúid ardoideachais go mbaintear leas as próisis dearbhú cáilíochta chun a chinntiú go ngabhtar dearcthaí mac léinn ar a éifeachtaí atá na seirbhísí do mhic léinn, agus iad ag rá go gcuireann sé sin bonn eolais faoi chinntí maidir le caiteachas:

> *Tugtar ról d'ionadaí mac léinn ar phainéil Athbhreithnithe Cáilíochta, a dhéanann athbhreithnithe ar Scoileanna agus ar Ranna Seirbhísí Gairmiúla agus a dhéanann moltaí maidir le feabhsuithe breise. Buntaca leis an gcinneadh a rinne ár nÚdarás Ceannais infheistíocht an-suntasach a dhéanamh inár gclár claochlaithe dhigitigh ba ea ionchur mac léinn agus anailís ar eispéireas na mac léinn.* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais**

> *Tríd an gclár cáilíochta, tugtar deiseanna comhairliúcháin do mhic léinn maidir lena éifeachtaí atá caiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn, e.g., Athbhreithniú Téamach ar […].* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais**

*Gan aon tuairisciú ar chaiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn/gan aon chomhairliúchán le mic léinn*


Thuairiscigh dhá institiúid ardoideachais nach ndéanann siad aon tuairisciú foirmiúil ar chaiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn. Dúirt ceann amháin de na hinstitiúidí sin freisin nach ndéanann sí aon chomhairliúchán le mic léinn faoin ní sin:

> *San am i láthair, ní théimid i gcomhairle le mic léinn maidir le caiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn. Ní thuairiscímid caiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn don Chomhairle Acadúil ach oiread. Cuirtear faisnéis faoi chaiteachas ar áireamh san fhaisnéis Buiséid a thugtar do [coiste rialachais shinsearach]. Is iad an Ceann Gnóthaí Acadúla agus an Ceann Seirbhísí Corparáideacha a dhéanann formhaoirseacht ar an méid sin.* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais**

> *Cé go suíonn mic léinn ar roinnt coistí, lena n-áirítear an tÚdarás Ceannais, ní dhearnadh aon tuairisciú foirmiúil ar chaiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn le blianta beaga anuas. Is le cistiú caipitíochta agus tobhaigh a bhaineann an tuairisciú a dhéantar do na mic léinn.* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais.**

## 3.3.2 Príomhfhigiúirí

- Is é **cúig** cinn an meánlíon cruinnithe coiste a thionóltar laistigh d'institiúidí ardoideachais ina mbíonn mic léinn rannpháirteach. Bíonn minicíocht fhoriomlán na gcruinnithe coiste laistigh d'institiúidí ardoideachais agus ina measc sa raon idir 2 cheann agus 24 cinn in aghaidh na bliana.
- Dheimhnigh **aon cheann déag** d'institiúidí ardoideachais go bhfoilsíonn siad faisnéis faoi chomhaltas agus téarmaí tagartha do choistí iomchuí, agus deich gcinn ag rá go bhfoilsíonn siad an fhaisnéis sin ar shuíomh gréasáin na hinstitiúide. Foilsíonn an institiúid ardoideachais eile faisnéis faoi chomhaltas coistí, miontuairiscí ar chruinnithe agus tuarascálacha ar líne, ach ní fhoilsíonn sí na téarmaí tagartha do choistí. Thuairiscigh cúig institiúid ardoideachais nach gcuireann siad téarmaí tagartha coistí ar fáil go poiblí; áirítear leo sin ceithre institiúid san earnáil ardoideachais teicneolaíochta, agus ollscoil thraidisiúnta amháin. Níor thug institiúid ardoideachais amháin aon fhreagra ar an gceist seo (féach Fíor 2 thíos).





*Fíor 2: An líon institiúidí ardoideachais a chuireann faisnéis faoi chomhaltas agus téarmaí tagartha coistí rialachais iomchuí ar fáil go poiblí.*

### 3.3.3 An bhfuil sé amhlaidh go ndearnadh caidreamh le mic léinn maidir le conas is féidir feabhas a chur ar an bpróiseas comhairliúcháin?

Thuairiscigh cúig cinn déag de na 17 n-institiúid ardoideachais go ndearnadh caidreamh le mic léinn maidir le conas is féidir feabhas a chur ar an bpróiseas comhairliúcháin. I gcás an dá cheann díobh a luaigh nach ndearna siad aon chaidreamh ar bith, thuairiscigh institiúid amháin go ndéanfadh sí, de bhun thorthaí an staidéir seo, iniúchadh ar bhealaí inar féidir struchtúir reatha a éascaíonn comhoibriú le haontas na mac léinn a chomhtháthú le chéile, agus rannpháirtíocht ghníomhach i gcinntí maidir le caiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn á cinntiú. Níor chuir an institiúid eile in iúl go bhfuil sé de rún aici gabháil d’aon chaidreamh den sórt sin sa todhchaí.

Le linn na 15 fhreagra dhearfacha a athbhreithniú, áfach, níor thángthas ar aon fhianaise i bhformhór na gcásanna á léiriú go ndearnadh caidreamh tiomnaithe le mic léinn maidir le conas is féidir feabhas a chur ar chomhairliúchán maidir le *caiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn* go sonrach. Ina ionad sin, ba i dtéarmaí ginearálta a rinne institiúidí ardoideachais trácht ar na sásraí atá i bhfeidhm acu le haghaidh dul i gcomhairle le mic léinn (féach Fíor 3 thíos).




*Fíor 3: Freagra ar an gceist maidir le cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh caidreamh le mic léinn, agus maidir leis an gcaidreamh iarbhír a rinneadh, chun feabhas a chur ar an bpróiseas comhairliúcháin maidir le seirbhísí do mhic léinn.*

Dheimhnigh dhá institiúid ardoideachais go ndearnadh caidreamh tiomnaithe spriocdhírithe le mic léinn maidir le conas is féidir feabhas a chur ar an bpróiseas comhairliúcháin maidir le caiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn. Dúirt ceann amháin díobh gur próiseas leanúnach é an caidreamh sin, agus liostaigh an institiúid sin roinnt samplaí de na hathruithe a rinneadh dá bharr. Thuairiscigh an institiúid eile go ndéantar caidreamh tiomnaithe le mic léinn ar an topaic seo mar chuid d'athbhreithniú straitéiseach ar sheirbhísí do mhic léinn agus mar chuid de phróiseas athbhreithnithe sheachtraigh CINNTE[8]:

> *… is ar bun le blianta fada anuas atá caidreamh leanúnach a mhúnlaigh an cruth atá ar phróiseas comhairliúcháin an lae inniu maidir le seirbhísí do mhic léinn agus a bhí taobh thiar de roinnt grúpaí comhairleacha éagsúla a chruthú le blianta beaga anuas i réimsí amhail Míchumas, Comhairleoireacht do Mhic Léinn, Ambasadóirí […] Sláintiúla, agus Piarthacadóirí Mac Léinn. Cinntíonn cineál leantach dlúth na ngrúpaí sin go mbíonn an próiseas comhairliúcháin dinimiciúil agus dírithe ar an mac léinn i gcónaí, rud a chumasaíonn feabhsuithe leanúnacha a dhéanamh a léiríonn riachtanais agus sainroghanna pearsanta éagsúla na cuallachta mac léinn ar bhealach níos fearr.* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais.**
>
> *Cuireadh Athbhreithniú Straitéiseach ar Sheirbhísí do Mhic Léinn i gcrích sa bhliain 2024/25 … Ba é a bhí i gceist leis an bpróiseas sin fócasghrúpaí struchtúrtha a thionól le mic léinn agus le haontas na mac léinn. Trí Phainéal Athbhreithnithe Piaraí a sheoladh, tiomsaíodh tuarascáil painéil piaraí inar cuireadh moltaí in iúl. Tá aghaidh á tabhairt ar na moltaí sin faoi láthair trí straitéis athbhreithnithe do sheirbhísí do mhic léinn, agus plean feabhsúcháin cáilíochta ag gabháil léi … Seoladh seisiúin chruinnithe struchtúrtha le mic léinn, le hionadaithe ranga agus le haontas na mac léinn mar chuid den phróiseas athbhreithnithe seo [athbhreithniú CINNTE]. Thiomsaigh painéal idirnáisiúnta tuarascáil iomlán ina leagtar amach moltaí éagsúla lena gcur chun feidhme. Tá [an ÚAO] ag ullmhú freagra ar na moltaí sin faoi láthair,*

[8] Mar chuid de phróiseas athbhreithnithe CINNTE, buaileann an fhoireann athbhreithnithe sheachtraigh le mic léinn.

*lena n-áirítear iad sin a bhaineann le seirbhísí do mhic léinn agus le próisis chomhairliúcháin le mic léinn.* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais.**

I gcás na 13 institiúid ardoideachais eile, thug cúig cinn tuairisc ghinearálta ar chruinnithe le hionadaithe mac léinn/mic léinn, gan aon tagairt a dhéanamh do chruinnithe sonracha atá dírithe ar conas is féidir feabhas a chur ar an bpróiseas comhairliúcháin; mar shampla:

*Bíonn cruinnithe tráthrialta duine le duine ann idir comhaltaí d'Aontas na Mac Léinn agus Ceannairí Sinsearacha … e.g., cruinnithe leis an Uachtarán, leis an Leas-Uachtarán, le Stiúrthóir na Mac Léinn […] agus leis an Rúnaí Corparáideach. Freastalaíonn Uachtarán Aontas na Mac Léinn, Uachtarán Feidhmiúcháin na gClubanna agus Uachtarán na gCumann […] agus a gcuid ionadaithe ar raon cruinnithe éagsúla.* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais.**

*Cruinnithe tráthrialta idir Aontas na Mac Léinn agus Feidhmeannas na hOllscoile.* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais.**

Rinne cúig cinn de na 13 institiúid ardoideachais sin tagairt dá dtiomantas do dhul i gcomhairle le mic léinn agus dá gcineálacha cur chuige ginearálta ina leith sin, gan aon tagairt shonrach a dhéanamh don chaidreamh a dhéantar le mic léinn maidir le conas is féidir feabhas a chur ar an gcomhairliúchán maidir le caiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn. Is samplaí léiritheacha iad na samplaí seo a leanas:

*Ceann amháin de na croíchuspóirí straitéiseacha atá ainmnithe i bplean straitéiseach an Choláiste is ea dul i gcomhairle le mic léinn ionas go mbeidh tionchar fiúntach acu ar rialachas, straitéis agus oibríochtaí an Choláiste. Bíonn cur chun feidhme praiticiúil an chuspóra sin faoi réir comhairliúchán leis an gcuallacht mac léinn freisin, agus le haontas na mac léinn i gcomhthéacs an chreata coistí rialachais agus oibriúcháin.* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais**

*Bíonn Fóram […] na Mac Léinn ina ardán tiomnaithe trínar féidir le mic léinn páirt a ghlacadh i bpléití fiúntacha agus a gcuid dearcthaí a chomhroinnt maidir le conas is féidir feabhas a chur ar an bpróiseas comhairliúcháin. Spreagann an fóram sin rannpháirtíocht ghníomhach mac léinn, agus é ag cothú timpeallacht chomhoibríoch ina n-éistear le mic léinn agus ina gcuirtear a gcuid tuairimí san áireamh i bpróisis chinnteoireachta na hinstitiúide.* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais**

Ar deireadh, rinne trí institiúid ardoideachais tagairt don chomhaltas ginearálta mac léinn atá ann ar choistí agus/nó ar an oiliúint a chuirtear ar mhic léinn ionas gur féidir leo gníomhú mar chomhaltaí. Mar shampla:

*Déantar dea-ionadaíocht d'aontas na mac léinn ar an gcoiste, áit a suíonn Uachtaráin, oifigigh leasa agus oifigigh oideachais aontas na mac léinn ar an gcoiste. Filleann oifigigh aontas na mac léinn ar ais ar chomhairle na mac léinn ansin le haghaidh comhairliúcháin, nuair is gá.* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais**

*Cuireann comhairleoirí seachtracha rialachais amhail Arthur Cox agus Governance Ireland oiliúint ar chomhlachtaí ceannais i dtús gach téarma nua oifige.* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais**

## 3.3.4 Cé na socruithe tuairiscithe atá i bhfeidhm maidir le caiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn?

Iarradh ar institiúidí ardoideachais freisin cur síos a dhéanamh ar na socruithe tuairiscithe atá i bhfeidhm maidir le caiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn agus a lua cé acu a chuirtear nó nach gcuirtear an fhaisnéis ar fáil go poiblí (lena n-áirítear aon fhaisnéis iomchuí, e.g., URL) agus/nó cé acu a sholáthraítear nó nach soláthraítear d'aontas na mac léinn í. Amhail i gcás ceisteanna roimhe, bhí éagsúlacht shuntasach ann maidir leis an méid mionsonraí a sholáthair institiúidí ardoideachais. Bhí na freagraí sa raon idir freagraí aon líne, nár tugadh aghaidh iontu ar na gnéithe uile den cheist, agus freagraí fada fairsinge, inar tugadh léargas níos mine ar chleachtas na hinstitiúide. Mar gheall ar chineál neamhiomlán na faisnéise a soláthraíodh, tá sé deacair a shuí cé chomh hionadaíoch agus atá na socruithe tuairiscithe atá achoimrithe anseo.

Thug trí institiúid ardoideachais déag cur síos gairid ar na príomhchoistí atá freagrach as buiséid a cheadú. Níor shonraigh siad go léir, áfach, cé acu a chuirtear nó nach gcuirtear tuarascálacha ar chaiteachas faoi bhráid an choiste chéanna. Is samplaí léiritheacha iad na samplaí seo a leanas:

*Is é an Coiste Feidhmiúcháin a chomhaontaíonn an buiséad bliantúil, agus is é an tÚdarás Ceannais a cheadaíonn é.  Tagann Seirbhísí do Mhic Léinn faoi bhuiséad foriomlán [an Uachtaráin/an Phrópaist] agus an Leas-Uachtaráin.* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais**

*Tuairiscítear caiteachas na hollscoile don Choiste Airgeadais, […], a thuairiscíonn ansin don Údarás Ceannais, agus cuimsíonn an dá cheann de na comhlachtaí sin ionadaithe ó Aontas na Mac Léinn.* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais.**

Rinne dhá cheann den ghrúpa sin de thrí institiúid ardoideachais déag tagairt do thuairisciú ar chaiteachas a bhaineann le clubanna agus cumainn mac léinn, seachas do sheirbhísí do mhic léinn i gcoitinne:


*Ina gcáil mar chomhaltaí den Choiste Airgeadais Mac Léinn, ceadaíonn comhaltaí na leithdháiltí ar Chlubanna agus Cumainn, agus faigheann siad an t-eolas is deireanaí ar chaiteachas gaolmhar go tráthrialta le linn bliain airgeadais. Tugtar an t-eolas is deireanaí ar nithe airgeadais agus ar nithe eile le linn na bliana airgeadais d'Fheidhmeannas agus Údarás Ceannais na hOllscoile, lena n-áirítear an buiséad bliantúil.* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais.**

Labhair institiúid ardoideachais amháin faoi na bearta a rinneadh chun socruithe tuairiscithe a bhí ar leithligh ó chéile roimhe sin in institiúidí réamhtheachtacha a chomhtháthú le chéile,

agus dheimhnigh sí gur triaileadh "leithdháileadh buiséid aonair ar sheirbhísí do mhic léinn sa bhliain 2024." Leanfar ar aghaidh leis an tsamhail sin sa bhliain 2025 … Comhroinnfear an dréachtsamhail leithdháilte buiséid le haontais mac léinn". Ar deireadh, ní dhearna trí institiúid ardoideachais aon trácht ar shocruithe tuairiscithe sa fhreagra uathu. Mar shampla:

> *Soláthraítear faisnéis do na hionadaithe ó aontas na mac léinn atá ar an gcoiste.*
> **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais.**

Dheimhnigh ocht n-institiúid ardoideachais go bhfoilsíonn siad ráitis airgeadais nó tuarascálacha ar líne. Bunaithe ar na freagraí, áfach, ní raibh sé soiléir i ngach cás cé acu a thugtar nó nach dtugtar sna tuarascálacha sin faisnéis a bhaineann go sonrach le caiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn. Sholáthair sé cinn de na hocht n-institiúid ardoideachais sin naisc chuig tuarascálacha foilsithe. I gcás na naoi n-institiúid ardoideachais eile, níor thug a bhformhór aghaidh ar an ngné seo den cheist. Dheimhnigh trí cinn de na naoi n-institiúid sin nach gcuireann siad an fhaisnéis sin ar fáil go poiblí, agus thuairiscigh ceann amháin go mbíonn faisnéis ar fáil ar iarratas. Dheimhnigh dhá institiúid ardoideachais go soláthraítear faisnéis a bhaineann le caiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn d'aontas na mac léinn, agus thuairiscigh ceann amháin eile go soláthrófaí an fhaisnéis sin amach anseo (féach Fíor 4 thíos). Dheimhnigh dhá institiúid ardoideachais nach soláthraítear an fhaisnéis sin d'aontais mac léinn, agus iad ag rá freisin go bhfoilsítear tuarascálacha iomchuí. Luaigh seacht gcinn eile go suíonn mic léinn ar na coistí iomchuí cinnteoireachta nó formhaoirseachta laistigh d'institiúidí ardoideachais, agus níor thug cúig cinn aghaidh ar an ngné seo den cheist tuairiscithe.




*Fíor 4: Freagraí ó institiúidí ardoideachais ar an gceist maidir le cé acu a sholáthraítear nó nach soláthraítear faisnéis faoi chaiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn d'aontais mac léinn*

# 3.4 Tuairimí Breise

Cé nár iarradh ar institiúidí ardoideachais aghaidh a thabhairt ar na ceithre ghné den *Chreat Athbhreithnithe um Dhea-Chleachtas maidir le Rannpháirtíocht Mac Léinn i bPróisis Leithdháilte Inmheánacha*[9] (mar atá leagtha amach i réamhrá na tuarascála seo) ná faisnéis a thabhairt san fhormáid sin, is féidir gur fiú leas a bhaint as an gCreat go fóill chun iniúchadh a dhéanamh ar na fionnachtana atá san athbhreithniú seo. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara, áfach, nach féidir aon tátal daingean a bhaint as an athbhreithniú seo maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an Creat Athbhreithnithe á chur chun feidhme in Institiúidí Ardoideachais na hÉireann faoi láthair. Tá seans ann nach ngabhtar sna freagraí na sásraí uile atá i bhfeidhm, nó tá seans ann nach ionann na struchtúir atá i bhfeidhm ag institiúidí agus na cinn sin a moladh sa bhliain 2011 de bhun na bPrionsabal um Rannpháirtíocht Mac Léinn[10] a foilsíodh sa bhliain 2016, nó mar fhreagra ar na Prionsabail sin. Is léiriú é sin ar an bhfad ama a chuaigh thart agus ar na hathruithe a tharla san earnáil ó foilsíodh an Creat Athbhreithnithe sa bhliain 2011. Agus an méid sin á chur san áireamh, is suntasach an rud é go bhfuil na sásraí atá leagtha amach ag institiúidí ardoideachais le haghaidh dul i gcomhairle le mic léinn maidir le caiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn ag teacht, go méid áirithe, leis na ceithre ghné atá leagtha amach sa *Chreat Athbhreithnithe um Dhea-Chleachtas maidir le Rannpháirtíocht Mac Léinn i bPróisis Leithdháilte Inmheánacha*.[11] Mar atá luaite i réamhrá na tuarascála seo, iarrtar an méid seo a leanas sa Chreat Athbhreithnithe:

I. Ionadaíocht aontas na mac léinn a bheith ann ar phríomh-Choiste Airgeadais na hinstitiúide ardoideachais;
II. Fóram Lárnach nó Coiste Seirbhísí do Mhic Léinn a bhunú a chuimseoidh líon suntasach ionadaithe is mic léinn;
III. Coiste Caipitíochta nó Coiste Airgeadais Mac Léinn a bhunú — a bheadh ina fhochoiste den Fhóram Lárnach nó den Choiste Seirbhísí do Mhic Léinn — a mbeadh sé mar fheidhm aige an ciste caipitíochta arna ríomh ag príomh-Choiste Airgeadais na hinstitiúide a leithroinnt (ar chlubanna, ar aontas na mac léinn agus ar chumainn); agus
IV. Grúpa Comhairleach um Sheirbhísí do Mhic Léinn, a bhreithneodh an sceideal caiteachais gach bliain agus a dhéanfadh tograí a bhaineann le moltaí caiteachais bhreise nó lena chuí atá na leithdháiltí reatha ar sheirbhísí do mhic léinn.

Agus gach ceann de na gnéithe sin á scrúdú ceann ar cheann, tugtar le fios san fhaisnéis a cuireadh isteach go gcomhlíonann roinnt institiúidí ardoideachais an chéad trí ghné go páirteach. Mar sin féin, ní thugann aon institiúid ardoideachais aghaidh ar an gceathrú gné ná ar na ceithre ghné go léir tríd is tríd, cé gur thuairiscigh roinnt institiúidí ardoideachais raon sásraí foirmiúla agus neamhfhoirmiúla éagsúla a léiríonn ailíniú páirteach le gné IV:

[9] Tuarascáil ón nGrúpa Oibre um Ranníocaíocht na Mac Léinn, Samhain 2011, lgh 10-11
[10] An Grúpa Oibre um Rannpháirtíocht Mac Léinn in Ardoideachas na hÉireann (2016) *Enhancing Student Engagement in Decision-Making.* Inrochtana ag: [HEA-IRC-Student-Engagement-Report-Apr2016.pdf](HEA-IRC-Student-Engagement-Report-Apr2016.pdf)
[11] Tuarascáil ón nGrúpa Oibre um Ranníocaíocht na Mac Léinn, Samhain 2011, lgh 10-11

| | |
|---|---|
| Gné I | Luaigh ocht gcinn de na 17 n-institiúid ardoideachais (beagán faoi bhun leath na n-institiúidí uile) go sainráite go bhfuil ionadaíocht mac léinn ann ar an bpríomh-Choiste Airgeadais. Níl sé soiléir i ngach cás cé acu a thagann an ionadaíocht sin ó aontas na mac léinn nó a cheaptar mic léinn mar chomhaltaí ar bhealach eile. I gcás na n-institiúidí ardoideachais eile, tá mic léinn ina gcomhaltaí den Údarás Ceannais (rud a d'fhéadfadh institiúidí ardoideachais a mheas a bheith leordhóthanach mar gheall ar an sainchúram formhaoirseachta airgeadais atá ar údaráis cheannais) nó níor sholáthraíodh dóthain faisnéise chun a shuí cé acu atá nó nach bhfuil mic léinn ina gcomhaltaí den phríomh-Choiste Airgeadais. |
| Gné II | Luaigh trí institiúid ardoideachais (18%) go sainráite go bhfuil coiste acu a d'fhéadfadh a bheith coibhéiseach le Fóram Lárnach/Coiste Seirbhísí do Mhic Léinn, ar coiste é a chuimsíonn líon suntasach ionadaithe is mic léinn. Ní úsáideann aon cheann de na trí institiúid an téarma sin. Ina ionad sin, tá na téarmaí seo a leanas i measc na dtéarmaí a úsáidtear: Coiste um Eispéireas na Mac Léinn; Coiste um Ghnóthaí Mac Léinn; agus Coiste um Rath Mac Léinn. Mar atá luaite thuas, is ann ar fud na n-institiúidí éagsúla do raon sásraí malartacha, idir shásraí foirmiúla agus shásraí neamhfhoirmiúla, le haghaidh dul i gcomhairle le mic léinn. Bunaithe ar an staidéar seo, áfach, níl sé soiléir cé chomh héifeachtach agus atá na sásraí sin. |
| Gné III | Thuairiscigh seacht n-institiúid ardoideachais (41%) go bhfuil Coiste Airgeadais Mac Léinn i bhfeidhm. Ní ionann na struchtúir thuairiscithe agus iad sin atá leagtha amach sa Chreat Athbhreithnithe um Dhea-Chleachtas, áfach. |
| Gné IV | Níor thuairiscigh aon institiúid ardoideachais go bhfuil Grúpa Comhairleach um Sheirbhísí do Mhic Léinn nó a choibhéis aici, rud a bhreithníonn an sceideal caiteachais gach bliain agus a dhéanann tograí a bhaineann le moltaí caiteachais bhreise nó lena chuí atá na leithdháiltí reatha ar sheirbhísí do mhic léinn. Mar sin féin, luaigh roinnt institiúid ardoideachais go dtionóltar cruinnithe bliantúla nó cruinnithe níos tráthrialta fós (agus cruinnithe seachtainiúla á dtionól i gcás amháin) idir, mar shampla, oifigigh ó aontas na mac léinn agus ó Sheirbhísí Airgeadais, Déan na Mac Léinn nó Leas-Uachtarán na Mac Léinn agus go bpléitear seirbhísí do mhic léinn agus/nó caiteachas gaolmhar ag na cruinnithe sin. |

Níl sé soiléir, áfach, cé acu a tháinig nó nár tháinig na bearnaí idir an cleachtas a thuairiscigh institiúidí ardoideachais agus moltaí dea-chleachtais an Chreata Athbhreithnithe chun cinn toisc nach meastar a thuilleadh go bhfuil an Creat iomchuí nó oiriúnach don fheidhm, nó cé acu is féidir nó nach féidir na bearnaí sin a chur síos do thosca eile, amhail cineálacha cur chuige institiúideacha a cheapadh atá ag teacht leis na Prionsabail um Rannpháirtíocht Mac Léinn arna bhforbairt ag an nGrúpa Oibre um Rannpháirtíocht Mac Léinn in Ardoideachas na hÉireann (2016).

Luadh mar a leanas sa Tuarascáil ón nGrúpa Oibre um Ranníocaíocht na Mac Léinn: "To ensure greater transparency, each institution's Student Charge Committee / Forum should have its membership and terms of reference available on the institution's websites, where

this is not already the case" (2011).[12] Chomh maith leis sin, ceann amháin de na ceanglais faoi na Croí-Threoirlínte um Dhearbhú Cáilíochta ó Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) (2016, lch 5) is ea téarmaí tagartha coistí rialachais a fhoilsiú.[13] Tugtar le fios sna freagraí go dtugann formhór na n-institiúidí ardoideachais (11 cheann) aghaidh ar an gceanglas sin trí théarmaí tagartha coistí iomchuí a fhoilsiú ar líne. Is institiúidí san earnáil ardoideachais teicneolaíochta atá i bhformhór na sé institiúid ardoideachais nach bhfoilsíonn téarmaí tagartha coistí iomchuí ar líne (ceithre cinn (66%)). Tá seans ann gur léiriú é sin ar an athrú leanúnach a bhíonn ag tarlú laistigh den earnáil sin de réir mar a leanann institiúidí ardoideachais nua le córais réamhtheachtacha a chomhtháthú le chéile agus de réir mar a fhorbraíonn siad cineálacha cur chuige nua ar fud na hinstitiúide.

Mhol an ÚAO freisin go ndéanfadh institiúidí ardoideachais caidreamh lena gcuallachtaí mac léinn ar an leibhéal áitiúil chun iniúchadh a dhéanamh ar fheabhsuithe féideartha ar phróisis chomhairliúcháin ar mhaithe le trédhearcacht a mhéadú.[14] Cé go dtugtar le fios sna freagraí go ndéanann roinnt institiúidí ardoideachais caidreamh le mic léinn maidir le caiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn, is suntasach an rud é nach ndearna ach dornán díobh aon iarracht thiomnaithe feabhas a chur ar an bpróiseas comhairliúcháin. Níor thug ach dhá institiúid samplaí nithiúla de chaidreamh spriocdhírithe, agus rinne institiúidí eile trácht ar chruinnithe ginearálta nó ar ghealltanais ghinearálta nach léir go bhfuil sé mar aidhm leo feabhas a chur ar chomhairliúchán ar an topaic ar leith seo.

Maidir le trédhearcacht an tuairiscithe, is cosúil nach bhfoilsíonn formhór na n-institiúidí ardoideachais aon tuarascáil airgeadais bhliantúil maidir le caiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn ar a suíomhanna Gréasáin. Is cosúil nach ndéanann formhór na n-institiúidí ardoideachais aon iarracht ach oiread faisnéis faoi thuarascálacha maidir le caiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn a sholáthar go sainráite d'aontais mac léinn lena mbreithniú acu agus le haiseolas a fháil uathu. Ina ionad sin, braitheann siad ar chomhaltaí aonair d'aontais mac léinn ar comhaltaí coiste iad chun an fhaisnéis sin a chomhroinnt lena bpobal féin. Mar gheall ar thionacht ghearr na n-oifigeach ó aontais mac léinn agus ar na freagrachtaí troma atá orthu, tá seans ann nach bhfuil sé sin indéanta ná ar an gcur chuige is éifeachtaí i leith rannpháirtíocht mac léinn ar an topaic ríthábhachtach seo i ngach cás. Mar a thug an Grúpa Oibre um Rannpháirtíocht Mac Léinn in Ardoideachas na hÉireann faoi deara:

> *… student representatives are limited in what they can achieve in these formal settings as they sit for a much shorter term than their colleagues and might only have the opportunity to attend a handful of meetings. Like all members of the governing body, they are limited in the extent to which they can act in a representative capacity. There is a likelihood, therefore, of a gap developing between the opportunities for student involvement and actual engagement.*[15]

---

[12] An tÚdarás um Ard-Oideachas (2011) *Tuarascáil ón nGrúpa Oibre um Ranníocaíocht na Mac Léinn* (neamhfhoilsithe)

[13] Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (2016) *Treoirlínte Reachtúla um Dhearbhú Cáilíochta: Arna gcur i dtoll a chéile d'úsáid na soláthraithe uile.* Ar fáil ag: qg-1-core-statutory-quality-assurance-guidelines.pdf

[14] An tÚdarás um Ard-Oideachas (2011) *Tuarascáil ón nGrúpa Oibre um Ranníocaíocht na Mac Léinn*, lch 2 (neamhfhoilsithe)

[15] An Grúpa Oibre um Rannpháirtíocht Mac Léinn in Ardoideachas na hÉireann (2016) *Enhancing Student Engagement in Decision-Making,* lch 26. Inrochtana ag: HEA-IRC-Student-Engagement-Report-Apr2016.pdf

Ar deireadh, cé nár tugadh aghaidh san athbhreithniú ar na prionsabail um rannpháirtíocht mac léinn[16] a foilsíodh sa bhliain 2016, tá seans ann go ndearna institiúidí ardoideachais meastóireacht ar a gcleachtais féin maidir le rannpháirtíocht mac léinn agus gur fhorbair siad beartais chomhchruthaithe le haghaidh comhairliúchán agus caidreamh le mic léinn chun na prionsabail sin a léiriú, faoi mar a moladh. Tá seans ann gur fágadh gníomhartha den sórt sin ar lár ó fhreagraí ar an teimpléad tuairiscithe.

[16] An Grúpa Oibre um Rannpháirtíocht Mac Léinn in Ardoideachas na hÉireann (2016) *Enhancing Student Engagement in Decision-Making.* Inrochtana ag: HEA-IRC-Student-Engagement-Report-Apr2016.pdf

# 4. Tobhach Mac Léinn: Anailís

## 4.1 Réamhrá

Iarradh ar institiúidí ardoideachais tuairisciú ar na tobhaigh[17] a ghearrtar ar mhic léinn faoi láthair agus ar an dóigh a gcuirtear iad i bhfeidhm i leith cohóirt dhifriúla mac léinn, i.e., mic léinn lánaimseartha agus mic léinn pháirtaimseartha, mic léinn ar líne agus mic léinn foghlama cumaisc. Iarradh ar institiúidí ardoideachais freisin breac-chuntas gairid a thabhairt ar an gcaidreamh agus ar an gcomhairliúchán a rinneadh le mic léinn i ndáil le tobhach na mac léinn a thabhairt isteach (lenar áiríodh comhairliúchán maidir leis na seirbhísí/na réimsí a chistítear leis an tobhach agus caidreamh ina dhiaidh sin le mic léinn maidir le hathruithe sa dóigh a leithdháiltear cistiú) agus ar na sásraí tuairiscithe atá i bhfeidhm don tobhach.

## 4.2 Forbhreathnú ar Fhreagraithe


Cé gur chuir deich n-institiúid ardoideachais freagraí isteach i leith Rannán II, cinneadh nach dtagann na tobhaigh a ghearrann institiúid amháin faoi raon feidhme an athbhreithnithe seo toisc go mbaineann siad le muirir chláir nó le muirir eile atá sonrach don disciplín.

Is éard atá sna naoi n-institiúid ardoideachais a ghearrann tobhaigh mac léinn ná seacht n-ollscoil thraidisiúnta, ollscoil teicneolaíochta amháin, agus institiúid teicneolaíochta amháin (féach Tábla 2 agus Fíor 5 thíos).

| Ainm na hInstitiúide Ardoideachais | Cineál Institiúide |
|---|---|
| Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath | Ollscoil Thraidisiúnta |
| Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan | Institiúid Teicneolaíochta |
| Ollscoil Mhá Nuad | Ollscoil Thraidisiúnta |
| Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan | Ollscoil Teicneolaíochta |
| Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath | Ollscoil Thraidisiúnta |
| An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath | Ollscoil Thraidisiúnta |
| Ollscoil na Gaillimhe | Ollscoil Thraidisiúnta |
| Ollscoil Luimnigh | Ollscoil Thraidisiúnta |
| Coláiste na hOllscoile, Corcaigh | Ollscoil Thraidisiúnta |

*Tábla 2: Liosta de na hinstitiúidí ardoideachais a bhfuil tobhaigh mac léinn i bhfeidhm acu*

[17] Chun críocha an athbhreithnithe seo, shainmhínigh an ÚAO tobhach mar a leanas: "Féadfaidh institiúidí tobhach mac léinn arna chomhaontú leis an gcuallacht mac léinn a ghearradh chun freastal ar chostais a bhaineann le clubanna spóirt, cumainn mac léinn, Aontas na Mac Léinn nó comhlachtaí ionadaíocha. Féadfar táille caipitíochta mac léinn/tobhach ar ionaid mac léinn/muirear ar ionaid mac léinn, etc., a ghairm den tobhach freisin".




*Fíor 5: Institiúidí ardoideachais a ghearrann tobhach nó tobhaigh mac léinn*

# 4.3 Príomhfhionnachtana

## 4.3.1 Cé a Ghearrann Tobhaigh Mac Léinn?

Is suntasach an rud é gur beag institiúid san earnáil ardoideachais teicneolaíochta a ghearrann tobhaigh mac léinn, áit nach ngearrann ach ollscoil teicneolaíochta amháin agus institiúid teicneolaíochta amháin tobhach mac léinn; i gcodarsnacht leis sin, gearrann seacht n-ollscoil thraidisiúnta tobhach (nó tobhaigh) mac léinn. Laistigh den dá institiúid san earnáil ardoideachais teicneolaíochta, is le costais a bhaineann le saoráidí spóirt a fhorbairt agus a rochtain a bhaineann na tobhaigh. Gearrann ceann amháin de na hinstitiúidí sin 'Táille Ranníocaíochta Saoráidí Mac Léinn', rud lena gcumasaítear do mhic léinn raon leathan saoráidí spóirt a rochtain. Leis an táille, rannchuidítear leis na saoráidí sin a chothabháil i gcoitinne agus le foireann a chur ar fáil dóibh.


Gearrann seacht n-ollscoil thraidisiúnta tobhach (nó tobhaigh) mac léinn, agus cuspóirí éagsúla ag baint leis na tobhaigh sin.

Achoimrítear i dTábla 3 thíos príomhchuspóirí na dtobhach a ghearrtar ar mhic léinn ar fud na naoi n-institiúid ardoideachais atá i gceist. Cuirtear an costas a bhaineann le comhaltas d'Aontas na Mac Léinn in Éirinn ar áireamh sa tobhach i gcásanna áirithe. Tabhair faoi deara go ngearrann institiúid ardoideachais amháin níos mó ná tobhach amháin. Mar sin, níl an líon tobhach atá tuairiscithe thíos cothrom leis an líon foriomlán institiúidí ardoideachais.

| Cuspóir an Tobhaigh | An líon institiúidí ardoideachais ina ngearrtar tobhach |
|---|---|
| Tobhach ilfheidhmeach mac léinn | 4 |
| Saoráidí spóirt (lena n-áirítear rochtain agus comhaltas) | 3 |
| Ionad mac léinn | 3 |

*Tábla 3: Príomhchuspóir na dtobhach mac léinn a ghearrann institiúidí ardoideachais*

Úsáidtear teidil éagsúla chun cur síos a dhéanamh ar an tobhach mac léinn, lena n-áirítear iad seo a leanas: 'Tobhach Mac Léinn', Tobhach ar Ionaid Mac Léinn, Táille Caipitíochta Mac Léinn, Táille Ranníocaíochta Saoráidí Mac Léinn, Tobhach ar Spásanna agus Ionaid Mac Léinn, agus Muirear Spóirt Mac Léinn (féach Fíor 6 thíos).




*Fíor 6: Tuairisceoirí ar an tobhach mac léinn*

Cé nár shonraigh na hinstitiúidí ardoideachais uile na méideanna a ghearrtar don tobhach mac léinn, bhí na méideanna sonraithe sa raon idir €30 agus €254 in aghaidh na bliana. Cé go ngearrann roinnt institiúidí ardoideachais níos mó ná tobhach amháin agus go mbíonn muirir bhreise chlár-shonracha le híoc ag mic léinn áirithe freisin, is fiú a thabhairt faoi deara gurb airde i bhfad na costais charnacha do mhic léinn ná na méideanna atá curtha i láthair anseo.

Ach amháin i gcás amháin, thuairiscigh institiúidí ardoideachais go gcuirtear tobhaigh i bhfeidhm ar fud na gcampas uile.

## 4.3.2 Cén Uair a Tugadh Tobhaigh Isteach agus Cén Uair a Thiocfaidh Siad chun Deiridh?

Ba tar éis na bliana 2010 a tugadh formhór na dtobhach isteach (seacht dtobhach i seacht n-institiúid ardoideachais). Tugadh tobhach amháin isteach idir na blianta 2000 agus 2010, agus tugadh dhá cheann (in dhá institiúid ardoideachais) isteach roimh an mbliain 2000.

Níl dáta deiridh sonraithe ag formhór na dtobhach (sé thobhach as deich gcinn), agus tugtar le fios sna freagraí nach bhfuil an dáta deiridh ar eolas nó nach mbaineann sé le hábhar toisc go gcumhdaítear leis an tobhach costais athfhillteacha agus costais leanúnacha. I gcás amháin, níl aon dáta deiridh ar bith ann. Thuairiscigh ceithre institiúid ardoideachais go dtiocfadh tobhaigh chun deiridh idir na blianta acadúla 2039/40 agus 2041/42.

### 4.3.3 Cé a Íocann Tobhaigh?


I ngach cás, tá feidhm ag tobhaigh maidir le mic léinn lánaimseartha agus maidir le mic léinn pháirtaimseartha araon ar an mbonn gur ar fáil go cothrom don dá chatagóir mac léinn atá na seirbhísí nó an rochtain ar shaoráidí a chumhdaítear leis an tobhach. Cé gur iarradh ar institiúidí ardoideachais a shonrú conas a shainmhíníonn siad an téarma "páirtaimseartha", níor thug ach ceithre cinn díobh sainmhíniú ar an téarma. Ba i ndáil le creidiúintí ECTS a sainmhíníodh an téarma "páirtaimseartha" i ngach cás, agus trácht á dhéanamh freisin ar sceidealú agus/nó ar mhodh soláthair in dhá chás. *Tá na sainmhínithe tugtha i dTábla 4 thíos.*

| ***Sainmhínithe ar an téarma 'Páirtaimseartha'*** |
|---|
| *Is ionann cláir pháirtaimseartha agus cláir a sholáthraítear thar thréimhse dhá bhliain, lena ngabhann níos lú ná 60 creidiúint in aghaidh na bliana. Soláthraítear cúrsaí páirtaimseartha ar líne nó ar an gcampas nó tríd an gcianfhoghlaim – tráthnóna/deireadh seachtaine – cibé acu in aon seimeastar amháin nó thar dhá sheimeastar.* |
| *Tá staidéar páirtaimseartha sainmhínithe … mar chineál tairisceana cláir ina soláthraítear an clár ar bhealach a ligeann d'fhoghlaimeoirí staidéar a dhéanamh ar feadh níos lú uaireanta in aghaidh na bliana (i.e., níos lú ná 60 creidiúint ECTS) i gcomparáid le foghlaimeoirí lánaimseartha. Is gnách go sceidealaítear cláir pháirtaimseartha go déanach sa tráthnóna nó san oíche agus/nó ag an deireadh seachtaine chun freastal ar dhaoine atá san fhostaíocht lánaimseartha.* |
| *Tá an t-ualú creidiúintí ECTS do bhliain an chúrsa mar chion de 60 creidiúint ECTS.* |
| *Ualach bliantúil creidiúintí don sainmhíniú ar staidéar 'Páirtaimseartha':*<br>*Fochéimí Páirtaimseartha: 5 go 40 creidiúint in aghaidh an tSeisiúin Acadúil*<br>*Céimí Páirtaimseartha i gCúrsa Teagasctha: 5 go 60 creidiúint in aghaidh an tSeisiúin Acadúil*<br>*Ní féidir cláir Taighde Iarchéime (Leibhéil 9 agus 10 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí, de réir Taighde) a shainmhíniú bunaithe ar ualach creidiúintí ECTS.* |

*Tábla 4: Na sainmhínithe a tugadh ar an téarma 'páirtaimseartha'*

I gcúig cinn de na naoi bhfreagra, thuairiscigh institiúidí ardoideachais go bhfuil feidhm ag an tobhach maidir le mic léinn ar líne agus gurb ionann an méid a ghearrtar ar na mic léinn sin agus an méid a ghearrtar ar mhic léinn a fhreastalaíonn i bpearsa. Thuairiscigh trí institiúid ardoideachais nach ngearrann siad aon tobhach ar bith ar mhic léinn ar líne, agus luaigh ceann amháin díobh nach mbaineann sé seo le hábhar (féach Fíor 7 thíos). Ba é an phríomhréasúnaíocht ba bhun leis an tobhach céanna a ghearradh ar mhic léinn ar líne agus ar mhic léinn a fhreastalaíonn i bpearsa ná gur ag gach mac léinn atá an rochtain chéanna ar sheirbhísí agus ar shaoráidí, beag beann ar an modh soláthair. Ceann amháin de na

cúiseanna eile a tugadh ba ea gur chun críocha forbartha a ghearrtar an tobhach agus nach mbaineann sé le saoráidí reatha a úsáid agus leis sin amháin.





*Fíor 7: An céatadán d'institiúidí ardoideachais a ghearrann an tobhach céanna ar mhic léinn ar líne agus ar mhic léinn a fhreastalaíonn i bpearsa araon*

Maidir le cláir foghlama cumaisc (meascán de sholáthar i bpearsa agus de sholáthar ar líne):

- thuairiscigh ceithre institiúid ardoideachais gurb ionann na tobhaigh a ghearrtar ar mhic léinn ar chláir den sórt sin agus na tobhaigh a ghearrtar ar mhic léinn a fhreastalaíonn i bpearsa;
- roghnaigh institiúid ardoideachais amháin nach ngearrtar tobhach ar mhic léinn a ghabhann do chlár foghlama cumaisc, toisc nach bhfuil an chatagóir cláir sin ar áireamh ina córas; agus
- chuir ceithre institiúid ardoideachais in iúl nach mbaineann sé seo le hábhar, agus níor thug siad aon mhionsonraí eile.

## 4.3.4 Conas a Théitear i gComhairle le Mic Léinn maidir leis an Tobhach Mac Léinn?

Bhí éagsúlacht mhór ann maidir leis an méid mionsonraí a chuir institiúidí ardoideachais isteach mar fhreagra ar an gceist maidir le conas a chuathas/a théitear i gcomhairle le mic léinn maidir le tobhaigh mac léinn. Luaigh a lán institiúidí ardoideachais go n-úsáidtear níos mó ná modh amháin chun dul i gcomhairle le mic léinn, agus an méid seo a leanas á lua ag ceann amháin díobh: "Is gnách go mbíonn comhairliúchán le mic léinn dírithe ar theacht ar bhealaí inar féidir na seirbhísí agus na saoráidí lena mbaineann a fheabhsú agus a fhorbairt, agus ní ar athbhreithniú mionsonraithe a dhéanamh ar chaiteachas". Is achoimrithe i bhFíor 8 agus pléite ar bhealach níos mine thíos atá na cineálacha cur chuige i leith comhairliúcháin ar shainaithin institiúidí ardoideachais iad:




*Fíor 8: Modhanna comhairliúcháin a úsáideann institiúidí ardoideachais chun caidreamh a dhéanamh le mic léinn maidir leis an tobhach mac léinn (baineann na figiúirí leis an líon institiúidí ardoideachais)*

### *Reifreann mac léinn maidir le tobhach ar leith a thabhairt isteach*

Thuairiscigh gach ceann de na naoi n-institiúid ardoideachais a ghearrann tobhaigh mac léinn gur tugadh na tobhaigh reatha isteach de bhun vótáil mac léinn i reifreann. Ba trí vótáil mac léinn nó reifreann a comhaontaíodh athruithe ar thobhaigh i gcásanna áirithe freisin. Is sleachta léiritheacha iad na sleachta seo a leanas:

> *Vótáil mic léinn i reifreann.* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais**

> *D'fhorbair grúpa ceannaireachta mac léinn, a bhí comhdhéanta d'ionadaithe ó chlubanna spóirt agus ó chumainn, feachtas chun reifreann mac léinn ar fud na hollscoile a chur chun tosaigh.* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais**

> *Rith an chuallacht mac léinn reifreann eile* […]*. Dá bharr sin, méadaíodh an muirear, agus cosnaíodh rochtain oscailte ar* […] *do gach mac léinn.* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais**

### *Comhairliúchán le grúpaí/coistí/comhairlí tiomnaithe mac léinn*

Thuairiscigh trí institiúid ardoideachais go raibh cumarsáid thiomnaithe ar bun idir lucht bainistíochta na hinstitiúide ardoideachais agus coistí nó comhairlí sonracha mac léinn maidir le tobhach a thabhairt isteach. Chuir na pléití sin bonn eolais faoi raon feidhme agus cineál an tobhaigh. Chuir siad bonn eolais freisin faoi na chéad chéimeanna eile i ndáil le comhairliúchán agus caidreamh le mic léinn i gcoitinne:

> *Rinneadh caidreamh breise trí Choiste […] na Mac Léinn, trí Chomhairle […] Lúthchleasach agus trí Chomhairle na gCumann. Ag na cruinnithe sin, cuireadh i láthair na mac léinn sraith saoráidí a bhí le forbairt chun a leasa ar an gcampas. Ag gach céim den phróiseas comhairliúcháin, rinne mic léinn saoráidí a chur leis an bplean agus a bhaint den phlean. Tar éis na bpléití sin, d'fhorbair grúpa ceannaireachta mac léinn, a bhí comhdhéanta d'ionadaithe ó chlubanna spóirt agus*

*ó chumainn, feachtas chun reifreann mac léinn ar fud na hollscoile a chur chun tosaigh.* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais**

*Ba bheag comhairliúchán a rinne Aontas na Mac Léinn le seirbhísí/réimsí a chistítear leis an Tobhach (chuir Uachtarán Aontas na Mac Léinn Cumainn, Clubanna, an tAonad Sláinte Mac Léinn agus […] ar an eolas). Tá (agus bhí) caidreamh suntasach ann le hAontas na Mac Léinn maidir le hathruithe sa dóigh a leithdháileann an Ollscoil cistiú.* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais**

*Tá (agus bhí) caidreamh suntasach ann le hAontas na Mac Léinn maidir le hathruithe sa dóigh a leithdháileann an Ollscoil cistiú, e.g., an Coiste Acmhainní Airgeadais agus foireann bhainistíochta na hOllscoile.* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais**

I gcás amháin, forlíonadh an caidreamh sin le grúpaí sonracha mac léinn trí chruinnithe a bhí ar oscailt don phobal mac léinn i gcoitinne:

*Tionóladh roinnt cruinnithe do mhic léinn roimh an gcruinniú, áit a raibh baill foirne ón Ollscoil ar fáil chun ceisteanna a fhreagairt. Thionóil Grúpa Comhordúcháin Cumann na hOllscoile trí chruinniú phoiblí ar ar fhreastail ionadaithe ó Aontas na Mac Léinn, ó Fhoireann Bhainistíochta na hOllscoile agus ón bhfoireann um Sheirbhísí do Mhic Léinn, mar aon le hionadaithe mac léinn, go háirithe ó Chumainn agus ó Chlubanna.* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais.**

In dhá chás, forlíonadh an comhairliúchán tiomnaithe sin trí chumarsáid ghinearálta a dhéanamh leis an gcuallacht mac léinn i gcoitinne. Ní le tabhairt isteach an tobhaigh a bhain an chumarsáid sin. Ina ionad sin, bhí sí dírithe ar na saoráidí a chistítear leis an tobhach a fhorbairt:

*Ba trí bhealaí éagsúla, amhail an suíomh Gréasáin, na meáin shóisialta, agus ríomhirisí mac léinn, i measc bealaí eile, a cuireadh an mórphobal mac léinn ar an eolas faoin tionscadal forbartha caipitil a chistítear leis an tobhach. A bhuí leis na hiarrachtaí sin, cinntíodh go raibh na mic léinn ina gceannairí gníomhacha sa tionscadal seo agus gur thug siad ról gníomhach do dhaoine eile i bpróisis chinnteoireachta a bhain le forbairt chaipitil na saoráidí leis an tobhach ar ionaid mac léinn.* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais**

*… chuir [an institiúid] ábhair le chéile inar tugadh breac-chuntas mionsonraithe ar na seirbhísí agus na saoráidí a bhí le soláthar leis an tobhach agus a bhí ina n-ábhar don vótáil mac léinn.* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais.**

### *Cruinnithe Tiomnaithe idir pearsana ardbhainistíochta agus ionadaithe mac léinn*

Thuairiscigh institiúid ardoideachais amháin gur tionóladh cruinnithe tiomnaithe idir pearsana sinsearacha agus ionadaithe mac léinn i ndáil le tobhach a thabhairt isteach:

*Thionóil an tUachtarán agus an Sparánaí/an Rúnaí/an Príomhoifigeach Oibriúcháin … cruinnithe éagsúla le hionadaithe mac léinn maidir leis an tobhach a thabhairt isteach.* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais.**

*Rannpháirtíocht mac léinn i gcoistí cinnteoireachta*

Thuairiscigh cúig institiúid ardoideachais go bhfuil mic léinn ina gcomhaltaí de choistí a bhfuil ról acu maidir le tobhaigh a cheadú nó maidir le cinnteoireacht airgeadais a dhéanamh ina leith nó go dtuairiscíonn na coistí sin do mhic léinn. Tá coistí tiomnaithe tobhaigh/caipitíochta ag trí institiúid ardoideachais.

*Cuireann struchtúr reatha an choiste mic léinn ar an eolas faoin airgead atá ar fáil, comhaontaíonn sé miondealú an chaiteachais, agus tugann sé an t-eolas is deireanaí ar chaiteachas go tráthrialta.* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais.**

*Luaitear sa reifreann go ndéanfaidh an Coiste Caipitíochta agus pearsana cuí ó Sheirbhísí Airgeadais formhaoirseacht ar an Táille Tobhaigh.* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais.**

*Pléann an coiste tobhaigh an tobhach atá bailithe go dtí seo agus an caiteachas caipitil ar na saoráidí mac léinn.* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais.**

## 4.3.5 Cé na Sásraí Tuairiscithe atá i bhFeidhm do Thobhach na Mac Léinn?

Iarradh ar institiúidí ardoideachais freisin a shainaithint cé na sásraí tuairiscithe atá i bhfeidhm do thobhach na mac léinn. Thug a bhformhór (seacht gcinn) le fios go dtuairiscítear ioncam agus caiteachas a bhaineann le tobhaigh mac léinn do na coistí airgeadais agus leithdháilte acmhainní iomchuí, a thuairiscíonn ansin don chomhlacht ceannais nó don údarás ceannais san institiúid. Thuairiscigh a bhformhór go bhfuil ionadaithe mac léinn ar na coistí sin. Is freagra léiritheach é an freagra seo a leanas:

*Nochtar an ranníocaíocht tobhaigh bhliantúil a bhailítear ó mhic léinn i ráitis airgeadais na hOllscoile gach bliain, ar ráitis iad a cheadaíonn an t-údarás ceannais agus a chuirtear ar fáil go poiblí tar éis d'oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste iad a iniúchadh.* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais.**

Thuairiscigh dhá cheann de na naoi n-institiúid ardoideachais go bhfuil coiste tiomnaithe caipitíochta i bhfeidhm acu, agus tá Coiste Tobhaigh i bhfeidhm ag ceann amháin. Pléann na coistí sin na cistí tobhaigh a bhailítear agus conas a úsáidtear na cistí sin, agus tuairiscíonn siad ar an méid sin. Is sampla léiritheach é an sampla seo a leanas:

*… Cheadaigh an tÚdarás Ceannais bunú Coiste Caipitíochta chun formhaoirseacht a dhéanamh ar chistiú ó reifrinn mac léinn, amhail dá bhforáiltear i mbunreacht aontas na mac léinn, agus chun tuarascáil bhliantúil a sholáthar ar conas a úsáidtear an*

> *tobhach caipitíochta mac léinn trí fhochoiste an Údaráis Ceannais.* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais.**

Thuairiscigh institiúid ardoideachais amháin go dtugtar an t-eolas is deireanaí gach bliain d'aontas na mac léinn; níor sonraíodh aon sásra tuairiscithe eile:

> *Gach bliain, tugtar d'Aontas na Mac Léinn an t-eolas is deireanaí ar an tobhach mac léinn a bailíodh agus a bhí amuigh de réir bliain acadúil agus ar an méid a sannadh le haghaidh na ceithre thionscadal caipitil a aisíoc.* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais.**

# 4.4 Tuairimí Breise

Sainghné ar leith den earnáil ollscoileanna traidisiúnta is ea tobhaigh bhreise a ghearradh ar mhic léinn, agus ní dhéantar amhlaidh chomh minic céanna i bhfo-earnálacha eile. Is ag méideanna bliantúla measartha íseal a ghearrtar tobhaigh ar gach mac léinn lánaimseartha agus páirtaimseartha chun freastal ar chostais a bhaineann le meascán de thionscadail chaipitil (agus iad ag baint le saoráidí spóirt agus le spásanna tiomnaithe agus ionaid thiomnaithe mac léinn de ghnáth) agus ar chostais agus seirbhísí athfhillteacha éagsúla eile, amhail úsáid saoráidí spóirt, agus seirbhísí comhairleoireachta, etc. Tugtar raon téarmaí éagsúla ar thobhaigh. D'fhéadfaí breithniú a dhéanamh ar cé acu a mhéadófaí nó nach méadófaí trédhearcacht do mhic léinn trí úsáid a bhaint as téarma comhsheasmhach amháin ar fud na hearnála.

Ba tar éis vótáil i measc na cuallachta mac léinn a tugadh tobhaigh isteach i ngach cás. I gcúig institiúid ardoideachais, leantar le dul i gcomhairle le mic léinn faoi thobhaigh mac léinn trí iad a cheapadh mar chomhaltaí de choistí cinnteoireachta iomchuí san institiúid ardoideachais. Luaigh formhór na n-institiúidí ardoideachais (seacht gcinn) go dtuairiscítear ioncam agus caiteachas a eascraíonn as tobhaigh mac léinn do na coistí airgeadais agus leithdháilte acmhainní cuí, lena n-áirítear dhá Choiste Caipitíochta. Tá Coiste tiomnaithe Tobhaigh ann i gcás amháin. Tuairiscíonn na coistí sin do chomhlacht ceannais nó údarás ceannais na hinstitiúide ansin. Thug formhór na n-institiúidí ardoideachais faoi deara freisin go dtugtar ról d'ionadaithe mac léinn ar na coistí sin.

# 5. Caiteachas ar Sheirbhísí do Mhic Léinn agus Tobhach na Mac Léinn: Anailís

## 5.1 Réamhrá

Rannán réamhbhreathnaitheach a bhí sa rannán seo den teimpléad, agus é mar chuspóir leis dea-chleachtas reatha a shainaithint lena chomhroinnt ar fud na hearnála. Bhí sé mar chuspóir leis freisin aiseolas a fháil ar fheabhsuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh chun feabhas a chur ar shocruithe reatha comhairliúcháin agus tuairiscithe maidir le caiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn agus tobhach na mac léinn.

## 5.2 Forbhreathnú ar Fhreagraithe

Amhail i gcás Rannán I, chuir gach ceann de na 17 n-institiúid ardoideachais a luadh cheana féin freagraí isteach i leith an rannáin seo den teimpléad tuairiscithe.

## 5.3 Príomhfhionnachtana


### 5.3.1 Cé na feabhsuithe sonracha is féidir a dhéanamh chun feabhas a chur ar an bpróiseas comhairliúcháin le mic léinn?

Iarradh ar institiúidí ardoideachais a shainaithint cé na feabhsuithe sonracha is féidir a dhéanamh chun feabhas a chur ar an bpróiseas comhairliúcháin le mic léinn (a mhéid a bhaineann le caiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn agus tobhach na mac léinn). Shainaithin roinnt institiúidí ardoideachais roinnt feabhsuithe féideartha. Tá na feabhsuithe sin grúpáilte ar leithligh faoi théamaí ar leith thíos, de réir mar is cuí. Is díol spéise é go bhfuil na feabhsuithe atá beartaithe (féach Fíor 9 agus an plé breise thíos) ag teacht go dlúth leis na Prionsabail um Rannpháirtíocht Mac Léinn a foilsíodh sa bhliain 2016.[18] Tríd is tríd, níor shainaithin ocht n-institiúid ardoideachais aon fheabhsuithe sonracha. Chuir seacht gcinn

[18] An Grúpa Oibre um Rannpháirtíocht Mac Léinn in Ardoideachas na hÉireann (2016) *Enhancing Student Engagement in Decision-Making.* Inrochtana ag: HEA-IRC-Student-Engagement-Report-Apr2016.pdf

friotal úr (go méideanna éagsúla) ar na socruithe a bhí i bhfeidhm cheana féin, agus luaigh ceann amháin nach mbaineann an cheist seo le hábhar.

Shainaithin naoi n-institiúid ardoideachais raon éagsúil bealaí ina bhféadfaí feabhas a chur ar phróisis chomhairliúcháin le mic léinn maidir le caiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn agus tobhaigh mac léinn.




*Fíor 9: Feabhsuithe féideartha a mhol institiúidí ardoideachais chun feabhas a chur ar chomhairliúchán le mic léinn maidir le caiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn agus tobhach na mac léinn.*

### *Caiteachas ar Sheirbhísí do Mhic Léinn agus Tobhach na Mac Léinn a Chur Síos mar Mhír ar an gClár Oibre*

Mhol trí institiúid ardoideachais go ndéanfaí caiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn agus/nó tobhaigh mac léinn a chur síos mar mhír ar an gclár oibre do chruinnithe coistí iomchuí:

> *D'fhéadfaí tobhaigh a thabhairt isteach mar mhír shonrach ar an gclár oibre do Choiste Airgeadais […] ar bhonn bliantúil. Ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, gur féidir é sin a dhéanamh cheana féin agus nach ndearnadh amhlaidh riamh.* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais.**

> *D'fhéadfaí soláthar achoimre airgeadais ar chaiteachas a bhaineann leis na gníomhaíochtaí seo a chur síos ag Coiste […] na Mac Léinn agus ag Fóram […] na Mac Léinn. Déantar ionadaíocht do sciar an-leathan den chuallacht mac léinn i gcoitinne ar an dá choiste sin. D'fhéadfaí buanmhír ar an gclár oibre a thabhairt isteach maidir le seirbhísí do mhic léinn, agus tagairt shonrach á déanamh do na nithe a gcroíchistíonn an ollscoil iad agus do na nithe a chistítear le tobhach na mac léinn.* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais.**

> *Buaileann an Stiúrthóir agus Bainisteoir […] na Mac Léinn le Comhairle na Mac Léinn [aontas na mac léinn] uair amháin in aghaidh na ráithe faoi láthair. D'fhéadfaí an t-*

> *eolas is deireanaí ar chaiteachas i leith Seirbhísí do Mhic Léinn a chur ar áireamh mar mhír ar an gclár oibre laistigh de na cruinnithe sin.* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais.**

### *Grúpa Comhairleach Mac Léinn a Bhunú agus Treisiú le Rannpháirtíocht Mac Léinn i gCoistí*

Luaigh trí institiúid ardoideachais go bhféadfaí grúpa nó fóram comhairleach mac léinn a bhunú chun éifeachtúlacht na sásraí comhairliúcháin an-scartha reatha a uasmhéadú. Luaigh institiúid ardoideachais eile go bhféadfaí téarmaí tagartha agus comhaltas coistí a fheabhsú chun a chinntiú go gcuirtear guth na mac léinn san áireamh go héifeachtach:

> *Cruthaigh bratbhranda do na grúpaí comhairleacha éagsúla … chun cabhrú le feabhas a chur ar a infheicthe atá siad agus ar an tionchar a imríonn siad.* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais.**

> *Fóraim fhoirmiúla chomhaontaithe a thagann le chéile dhá uair sa bhliain chun a) cur leis an gcleachtadh pleanála buiséid agus, ina dhiaidh sin, chun b) breithniú a dhéanamh ar conas is fearr is féidir úsáid a bhaint as an leithdháileadh buiséid. Is gá go gcuimseodh na fóraim sin bainisteoirí iomchuí na seirbhísí do mhic léinn agus an leasuachtarán airgeadais ionas go mbeadh tuiscint chuimsitheach ag mic léinn ar an tsamhail leithdháilte cistiúcháin a úsáideann an ollscoil. Ba cheart d'fhoireann Phleanála na hOllscoile toradh na gcruinnithe sin a bhreithniú, toisc gurb ise atá freagrach as Buiséad na hOllscoile a chomhaontú gach bliain.* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais.**

> *D'fhéadfadh […] dréacht-téarmaí tagartha an Choiste Airgeadais um Sheirbhísí do Mhic Léinn a fhorbairt a thuilleadh agus comhairliúchán éifeachtach a chinntiú le hAontas na Mac Léinn agus le comhaltaí ionadaíocha don fhoireann agus do mhic léinn ar mhaithe le cur chuige comhpháirtíochta a chinntiú ... Bheadh comhaltas an Choiste Airgeadais Mac Léinn comhdhéanta de na daoine seo a leanas: ionadaithe mac léinn atá le hainmniú ag aontas na mac léinn — oifigigh shabóideacha agus oifigigh ainmnithe [ó aontas na mac léinn], ionadaithe ranga mac léinn, etc.* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais.**

### *Seirbhísí do Mhic Léinn a Shainaithint mar Mhír Caiteachais, agus an Caiteachas sin a Fhoilsiú ar Shuíomhanna Gréasáin na hInstitiúide*

Mhol institiúid ardoideachais amháin go sainaithneofaí seirbhísí do mhic léinn mar mhír caiteachais ar leith ionas go bhféadfaí tuilleadh soiléire a bhaint amach i ndáil leis an réimse seo i gcoitinne, agus mhol institiúid ardoideachais eile go gcuirfí caiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn ar áireamh ar shuíomh Gréasáin na hinstitiúide:

> *Cuir léargas bliantúil soiléir le chéile ar chaiteachas ar Sheirbhísí do Mhic Léinn – ní ghlaoitear é sin amach mar chaiteachas foriomlán faoi láthair; críochnaigh an obair atá ar siúl faoi láthair chun costais staidéir mac léinn a thuiscint (caiteachas ar ábhair, caiteachas ar bhogearraí); cuir léargas soiléir le chéile ar chaiteachas reatha a*

*bhaineann le hábhair a sholáthar do mhic léinn (tarlaíonn sé sin ar leibhéal na Roinne).* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais.**

*Cuireann struchtúr reatha an choiste mic léinn ar an eolas faoin airgead atá ar fáil, comhaontaíonn sé miondealú an chaiteachais, agus tugann sé an t-eolas is deireanaí ar chaiteachas go tráthrialta. Níl aon fhaisnéis faoi sin ar fáil ar an suíomh Gréasáin faoi láthair, agus b'fhearr í a chur ar fáil.* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais.**

### 5.3.2 Cé na feabhsuithe is féidir a dhéanamh chun feabhas a chur ar shocruithe tuairiscithe?

Iarradh ar institiúidí ardoideachais a shainaithint cé na feabhsuithe sonracha is féidir a dhéanamh chun feabhas a chur ar thrédhearcacht agus infheictheacht na socruithe tuairiscithe maidir le caiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn agus tobhach na mac léinn. Níor mhol formhór na Soláthraithe (naoi gcinn) aon fheabhsuithe mar fhreagra ar an gceist seo: thuairiscigh ceithre institiúid ardoideachais go bhfuil siad sásta leis na socruithe reatha, agus níor mhol siad aon fheabhsuithe; chuir dhá institiúid ardoideachais tuairimí roimhe in iúl an athuair, gan aon mholtaí sonracha a dhéanamh maidir le feabhas a chur ar shocruithe tuairiscithe; agus, i gcás trí institiúid ardoideachais eile, luaigh siad nach mbaineann sé seo le hábhar nó thagair siad do fhreagra roimhe.

Shainaithin na hocht n-institiúid ardoideachais eile raon feabhsuithe féideartha mar a leanas:

#### *Cur lena Infheicthe atá Miontuairiscí Coiste agus Tuarascálacha*

Mhol trí institiúid ardoideachais bealaí inar féidir a chinntiú go mbíonn fáil níos leithne ann ar thuarascálacha agus/nó miontuairiscí ar chruinnithe coiste:

*Smaoinigh faoi leaganacha iomlána de Thuarascálacha Bliantúla maidir le seirbhísí do mhic léinn a chur ar fáil go díreach do gach mac léinn, agus ní trí Ionadaithe Mac Léinn ar Choistí ná trí Mhiontuairiscí Coiste agus tríothu sin amháin.* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais.**

*Cé nach bhfoilsímid aon mhiontuairiscí de chuid an Choiste Airgeadais Mac Léinn faoi láthair, is dócha gur cheart dúinn déanamh amhlaidh. Ba cheart iad a leagan faoi bhráid Ionadaithe Ranga mar eolas freisin.* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais.**

*Smaoinigh faoi leaganacha iomlána de Thuarascálacha Bliantúla maidir le seirbhísí do mhic léinn a chur ar fáil go díreach do gach mac léinn, agus ní trí Ionadaithe Mac Léinn ar Choistí ná trí Mhiontuairiscí Coiste agus tríothu sin amháin.* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais.**

#### *Feabhas a Chur ar an gCaidreamh a Dhéantar le hAontais Mac Léinn agus le Mic Léinn i gCoitinne*

Luaigh trí institiúid ardoideachais go bhfuil siad sásta iniúchadh a dhéanamh ar bhealaí inar féidir dul i dteagmháil le spriocphobal mac léinn níos leithne, lena n-áirítear trí obair ar

bhealach níos dlúithe le haontas na mac léinn, agus feabhas a chur ar an dóigh a dtuairiscítear dó, agus trí úsáid níos fearr a bhaint as timpeallachtaí foghlama fíorúla:

> *Ba cheart leas a bhaint as saineolas Aontas na Mac Léinn chun a chinntiú go mbíonn rochtain ag an gcuallacht mac léinn ar na modhanna cumarsáide maidir le Seirbhísí do Mhic Léinn. Rinne Aontas na Mac Léinn agus Seirbhísí do Mhic Léinn breithniú ar an dóigh ar féidir leo an córas ionadaithe mac léinn a úsáid chun faisnéis faoi Sheirbhísí do Mhic Léinn a scaipeadh ar mhic léinn ar bhealach níos fearr.* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais.**

> *Ba cheart caiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn a thuairisciú d'aontas na mac léinn gach bliain, mar aon le faisnéis faoin líon mac léinn agus faoi aicmithe difriúla cineálacha mac léinn. Ba cheart an fhoinse cistiúcháin – croíchistiú nó cistiú sonrach – a bheith mionsonraithe go soiléir sa chaiteachas… D'fhéadfaí faisnéis a chomhroinnt freisin faoi conas a imscarann an ollscoil an sciar Rochtana den Bhlocdheontas chun tacú le mic léinn a bhfuil míchumas orthu nó a thagann ó spriocghrúpa socheacnamaíoch.* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais.**

> *Cuir faisnéis faoin dá rud leis an rannán Seirbhísí do Mhic Léinn ar Moodle agus ar Student Life… (ardán do gach club agus cumann).* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais.**

#### *Feabhas a Chur ar an Díriú a Leagtar ar Chaiteachas ar Sheirbhísí do Mhic Léinn agus Tobhach na Mac Léinn i gCoistí Rialachais Iomchuí*

Luaigh institiúid ardoideachais amháin go bhféadfaí cur leis an méid a thuairiscítear do choistí rialachais iomchuí agus/nó tuairisciú dóibh ar bhonn níos minice, agus mhol ceann eile go mbeadh caiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn ina bhuanmhír ar an gclár oibre don Choiste Airgeadais Mac Léinn:

> *D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith i measc na bhfeabhsuithe ar shocruithe tuairiscithe: tuarascáil leathbhliantúil ar chaiteachas ar Sheirbhísí do Mhic Léinn chuig […]; tuarascáil bhliantúil ar chaiteachas ar Sheirbhísí do Mhic Léinn chuig an gComhairle Acadúil agus [an Bord].* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais.**

> *Cinnteoidh […] go mbeidh Caiteachas ar Sheirbhísí do Mhic Léinn ina bhuanmhír ar an gclár oibre do chruinnithe Choiste […] na Mac Léinn. Ba cheart go dtreiseodh an cur chuige sin leis an dóigh a gcomhroinntear faisnéis maidir leis an mBuiséad d'Eispéireas na Mac Léinn. Is iad dea-chleachtas agus comhairle ón earnáil a threoróidh sinn i ndáil le haon fheabhsuithe breise is féidir a dhéanamh.* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais.**

### 5.3.3 Dea-chleachtas maidir le comhairliúchán le mic léinn

Iarradh ar institiúidí ardoideachais freisin machnamh a dhéanamh ar na cleachtais atá i bhfeidhm acu i ndáil le caiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn agus tobhach na mac léinn. Iarradh orthu freisin a shainaithint cé na gnéithe sin a mheasann siad a bheith ina ndea-chleachtas maidir leis na struchtúir/na sásraí atá i bhfeidhm chun dul i gcomhairle le mic

léinn. Ar mhaithe le piarfhoghlaim agus scaipeadh an dea-chleachtais a éascú, tá na samplaí uile a cuireadh isteach atáirgthe anseo faoin mór-cheannteideal téamach iomchuí.

Thug ocht n-institiúid ardoideachais faoi deara gur ann do chultúr caidrimh le mic léinn, rud a léirítear trí chomhaltas de choistí agus/nó trí fhóraim fhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla éagsúla a bheith ann le haghaidh ionadaíocht mac léinn.

*Cultúr institiúideach um chaidreamh le mic léinn agus lena n-ionadaithe díreacha i bhfóraim chinnteoireachta ar leibhéal na hinstitiúide, mar aon le roinnt bealaí foirmiúla agus neamhfhoirmiúla éagsúla a chruthú le haghaidh ionadaíochta agus le haghaidh comhairliúcháin araon.* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais.**

*Láithreacht agus rannpháirtíocht shuntasach aontas na mac léinn i ngach gné de phleanáil airgeadais mac léinn trí mhic léinn a bheith ina gcomhaltaí den Choiste Seirbhísí do Mhic Léinn agus den Choiste Airgeadais agus trína rannpháirtíocht sna coistí sin.* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais.**

*Comhoibriú díreach a chumasú le hionadaithe mac léinn, lena n-áirítear ionadaithe ó aontas na mac léinn a bheith ar an Údarás Ceannais, ar […], ar an gCoiste […] agus ar an bhFóram […], chun a chinntiú go gcomhlíonann an tuairisciú ionchais agus riachtanais na cuallachta mac léinn.* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais.**

*Seoladh tionscnaimh chuimsitheacha amhail an feachtas […] le linn reifreann na bliana 2019 chun comhairliúchán a éascú le mic léinn; shainaithin an tionscadal um Meabhairshláinte Mac Léinn agus an tionscadal um Rath Mac Léinn sruth oibre atá dírithe ar fheabhas a chur ar an gcomhpháirtíocht le mic léinn, agus tharla sé gur cruthaíodh plean laistigh de na tionscnaimh sin chun treisiú le comhoibriú le mic léinn. Tá an dá thionscadal ina samplaí de dhea-chleachtas maidir leis na struchtúir agus na sásraí atá i bhfeidhm le haghaidh dul i gcomhairle le mic léinn, toisc go léiríonn siad comhairliúchán gníomhach le mic léinn maidir le soláthairtí agus seirbhísí a fhorbairt agus a chur ar fáil. Go háirithe, chuir an tionscadal um Meabhairshláinte Mac Léinn torthaí an chomhairliúcháin le mic léinn san áireamh agus d'ullmhaigh sé plean chun seirbhísí folláine mac léinn a fheabhsú. Mar thoradh air sin, gheall an Ollscoil caiteachas ar sheirbhísí folláine mac léinn a mhéadú thar an gcéad 5 bliana eile.* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais.**

*Tosaíodh ar chruinnithe tionachta a thionól agus ar chaidreamh tráthrialta a dhéanamh le haontas na mac léinn fochéime ar fud a thréimhse san oifig.* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais.**

*...ar an raon struchtúr a úsáidtear […] chun a chinntiú go ndéantar ionadaíocht do ghuth na mac léinn. - Léiriú ar a thiomanta atá an eagraíocht do mhic léinn is ea duine a cheapadh chuig an ról sinsearach mar Leas-Uachtarán um Oideachas agus Eispéireas na Mac Léinn. Is iad sin an pointe teagmhála lárnach le haghaidh comhairliúchán leanúnach a chumasú agus a chinntiú le mic léinn, lasmuigh de na struchtúir fhoirmiúla atá luaite, agus le haghaidh tacú le ról na mac léinn maidir le cinnteoireacht a bhaineann le gnóthaí mac léinn agus le seirbhísí do mhic léinn.* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais.**

*Trí Aontas na Mac Léinn, déantar ionadaíocht do mhic léinn ar an mBord Ceannais agus ar choistí iomchuí dá chuid. Tríd an bpróiseas sin, agus trí chumarsáid láidir leanúnach le tacaíocht agus le hoiliúint ón Oifigeach um Sheirbhísí do Mhic Léinn, soláthraítear deiseanna chun riosca a mhaolú nuair a bhíonn tionscadail nua á meas agus á gcur chun feidhme. Le déanaí, thapaigh [an institiúid] an deis chun ról a thabhairt d'ionadaithe ó Sheirbhísí do Mhic Léinn ar an gComhairle Acadúil agus ar fhochoistí cuí dá cuid. Cé nach dtagann nithe a bhaineann le hacmhainniú airgeadais faoi raon feidhme na Comhairle Acadúla, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil Guth na Mac Léinn ina bhuanmhír ar gach clár oibre. Freastalaíonn Uachtarán agus Leas-Uachtarán Aontas na Mac Léinn ar gach cruinniú, agus déantar ionadaíocht dóibh ar fhochoistí de chuid na Comhairle freisin.* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais.**

Mar atá tuairiscithe thuas, tá caidreamh an-oscailte ar bun le hionadaithe mac léinn. **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais.**

Thuairiscigh cúig institiúid ardoideachais ar na gnéithe dearfacha a bhaineann le caidreamh díreach a dhéanamh le haontas na mac léinn agus/nó le grúpaí eile mac léinn, agus rinne ceann amháin díobh trácht ar an reifreann a seoladh i measc na cuallachta mac léinn chun buntacú le tobhach mac léinn a thabhairt isteach:

*Glactar go maith i gcónaí le láithreoireachtaí ag cruinnithe Chomhairle Aontas na Mac Léinn, ag cruinnithe Chomhairle […] Lúthchleasach agus ag cruinnithe na gCumann.* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais.**

*An dlúthchaidreamh oibre atá ar bun idir baill foirne shinsearacha (Stiúrthóir, Bainisteoir um Eispéireas na Mac Léinn, Oifigeach Airgeadais, Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta, Ceann Gnóthaí Acadúla) agus Oifigigh Shabóideacha Aontas na Mac Léinn.* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais.**

*Cruinnithe míosúla le mic léinn agus ionadaíocht mac léinn ar phríomhchomhlachtaí san ollscoil.* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais.**

*Dlúth-chomhpháirtíocht idir Aontas na Mac Léinn Fochéime, Aontas an Spóirt agus Rúnaíocht Aontas na Mac Léinn. (Suíonn Rúnaíocht Aontas na Mac Léinn laistigh den Oifig um Sheirbhísí do Mhic Léinn).* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais.**

*Le déanaí, reáchtáil Aontas na Mac Léinn fócasghrúpaí, agus rinne sé suirbhé ar mhic léinn maidir lena dtosaíochtaí, rud a chuirfidh bonn eolais faoi fhorbairt saoráidí spóirt. Déanfar an próiseas rathúil sin a mhacasamhlú do gach reifreann sa todhchaí le comhaontú Aontas na Mac Léinn.* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais.**

*A chinntiú gur buntaca leis an tobhach mac léinn is ea gealltanas soiléir reifrinn ón gcuallacht mac léinn.* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais.**

Luaigh trí institiúid ardoideachais gur ann do choiste nó do choistí atá tiomnaithe do chaiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn agus go dtionóltar cruinnithe eile idir pearsana

sinsearacha agus ionadaithe mac léinn, agus rinne institiúid ardoideachais amháin trácht ar thrédhearcacht agus infheictheacht an phróisis cinnteoireachta:

> *Cultúr institiúideach um chaidreamh le mic léinn agus lena n-ionadaithe díreacha i bhfóraim chinnteoireachta ar leibhéal na hinstitiúide, mar aon le roinnt bealaí foirmiúla agus neamhfhoirmiúla éagsúla a chruthú le haghaidh ionadaíochta agus le haghaidh comhairliúcháin araon.* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais.**
>
> *Déanann an coiste […] formhaoirseacht ar dháileadh agus caitheamh an mhuirir. Chomh maith leis sin, tá coiste comhpháirtíochta i bhfeidhm chun tacú le caidreamh leis an ollscoil agus le hionadaíocht mac léinn. Tionóltar cruinnithe tráthrialta breise idir an lucht ardbhainistíochta, an Cláraitheoir, an Ceann Gnóthaí Acadúla, Ceann na Leabharlainne, an Ceann um Sheirbhísí do Mhic Léinn agus ionadaithe mac léinn chun an t-eolas is deireanaí a thabhairt ar shaincheisteanna agus chun aiseolas dhá threo a éascú.* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais.**
>
> *Coiste Airgeadais Mac Léinn.* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais.**
>
> *Trédhearcacht agus infheictheacht an phróisis cinnteoireachta.* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais.**

## 5.3.4 Dea-chleachtas maidir le tuairisciú

Ar deireadh, iarradh ar institiúidí ardoideachais dea-chleachtas reatha a shainaithint i ndáil leis na struchtúir/na sásraí atá i bhfeidhm chun trédhearcacht agus infheictheacht an tuairiscithe a chinntiú. Ba ghiorra i bhfad na freagraí a fuarthas ar an gceist seo ná iad sin a fuarthas ar an gceist roimhe. Níor sholáthair gach institiúid ardoideachais samplaí de dhea-chleachtas, agus thuairiscigh institiúid ardoideachais amháin nár thug sí tús áite do thrédhearcacht agus infheictheacht an tuairiscithe. Ina ionad sin, ba ar sholúbthacht agus ar sholáthar freagrúil a dhírigh sí. Chuir institiúid amháin in iúl nach ndearna sí aon ghníomh sa réimse seo go fóill. Thuairiscigh institiúid eile gur scoireadh de thuairisciú ar sheirbhísí do mhic léinn roinnt blianta ó shin agus nár iarr aon duine de na mic léinn í ó shin i leith. Luaigh dhá institiúid ardoideachais go bhfuil sásraí trédhearcacha faireacháin agus tuairiscithe i bhfeidhm, gan aon rud eile a rá ina leith sin.

Amhail i gcás na ceiste roimhe, tá na samplaí uile de dhea-chleachtas a cuireadh isteach atáirgthe anseo faoin mór-cheannteideal téamach iomchuí ar mhaithe le piarfhoghlaim a éascú.

Thug cúig institiúid ardoideachais faoi deara go dtugtar ról do mhic léinn ar phríomhchoistí cinnteoireachta nó formhaoirseachta chun a chinntiú go gcoinnítear mic léinn ar an eolas go hiomlán faoi fhaisnéis thábhachtach. Rinne ceann amháin eile tagairt don chaidreamh a dhéantar le haontas na mac léinn ina leith sin:

> *Tá tiomantas leanúnach do ghuth na mac léinn ina ghné dhianriachtanach d'fhorbairt institiúideach agus de chomhlíonadh misin. Is gá ionadaíocht fhoirmiúil mac léinn a bheith ann freisin laistigh de na fóraim bhreithniúcháin a mbíonn tionchar fiúntach acu agus a éascaíonn athbhreithniú agus scrúdú gan bhac ar chinnteoireacht ag an leibhéal formhaoirseachta.* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais.**

*Tugtar an t-eolas is deireanaí go tráthrialta do choiste […] na mac léinn chun a chinntiú go bhfaigheann ionadaithe mac léinn faisnéis cothrom le dáta faoin gcaiteachas agus faoin ngníomhaíocht ar fad.* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais.**

*Rannpháirtíocht mac léinn i ngach coiste rialachais foirmiúil.* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais.**

*Ullmhaítear buiséid do sheirbhísí do mhic léinn, agus leagtar iad faoi bhráid Choiste […] Aontas na Mac Léinn lena bplé agus lena gcomhaontú. Tá córais airgeadais láidre i bhfeidhm againn, agus tá cuntasacht iomlán ann as na buiséid a leithdháiltear. Cinntítear trédhearcacht mar thoradh ar ár gcoistí. Cuimsíonn an coiste mic léinn, agus cinntímid go gcloistear guth na mac léinn agus go mbíonn ról lárnach acu inár gcruinnithe uile.* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais.**

*Baineann mic léinn leas iomlán as na róil uile a bhíonn ar fáil sna struchtúir agus sna sásraí sin, agus déanann […] iad a chur chun cinn agus a dhearbhú.* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais.**

*Coinnítear cur chuige comhpháirtíochta ar bun le hAontas na Mac Léinn Fochéime, lena n-áirítear oifigigh ón aontas, maidir le gach gné a bhaineann le clubanna, cumainn agus imeachtaí mac léinn a chistiú. Tuiscint a thabhairt d'oifigigh ón aontas ar na struchtúir airgeadais atá ann laistigh den ollscoil, lena n-áirítear ceanglais iniúchóireachta, mar aon lena rannpháirtíocht i mbuiséid/caiteachas a shocrú do chlubanna, do chumainn agus d'imeachtaí mac léinn.* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais.**

Rinne dhá institiúid ardoideachais trácht ar na sásraí foirmiúla atá ar bun le haghaidh tuairisciú don údarás ceannais nó dá fhochoistí:

*Soláthraítear miontuairiscí ar chruinnithe […] um Sheirbhísí do Mhic Léinn agus an Choiste Airgeadais d'Fhochoiste Airgeadais an Chomhlachta Ceannais mar eolas.* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais.**

*Tuairiscíonn an Coiste Caipitíochta d'fhochoiste Airgeadais an Údaráis Ceannais agus do Chomhairle na Mac Léinn.* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais.**

Thagair dhá institiúid ardoideachais do na hiarrachtaí atá ar bun chun cur lena infheicthe atá tuarascálacha iomchuí agus miontuairiscí ar chruinnithe coiste iomchuí do raon níos leithne geallsealbhóirí:

*Déanfaimid athbhreithniú ar na fóraim a gcuirtear tuarascálacha den sórt sin ar fáil dóibh freisin chun infheictheacht a chinntiú agus a fheabhsú do gach geallsealbhóir.* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais.**

*Is féidir linn feabhas a chur ar ár gcaidreamh le mic léinn sa réimse seo i gcónaí trí mhiontuairiscí a fhoilsiú agus trí chumarsáid a dhéanamh le grúpaí lasmuigh d'Fheidhmeannas Aontas na Mac Léinn.* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais.**

Mar fhocal scoir, luaigh institiúid ardoideachais amháin go dtugtar miondealú mionsonraithe ar chaiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn, agus rinne ceann eile tagairt ghinearálta do na próisis dearbhú cáilíochta atá ar bun, amhail athbhreithniú seachtrach timthrialla ó QQI (CINNTE):

> *Chun treisiú le formhaoirseacht airgeadais, iarrfaidh Seirbhísí agus Saoráidí do Mhic Léinn […] tuarascáil airgeadais bhliantúil chuimsitheach go foirmiúil ar an lucht airgeadais mar chleachtas caighdeánach. Tabharfar sa tuarascáil sin miondealú mionsonraithe bliain ar bhliain ar an iarmhéid iasachta agus sreafa airgid a bhaineann leis an tobhach ar ionaid mac léinn agus lena mhorgáiste caipitil gaolmhar. Beidh an tuarascáil sin le soláthar ag deireadh gach bliana fioscaí, agus í ag glacadh áit an chleachtais reatha trína bhfoinsítear an fhaisnéis sin ar bhonn ad hoc.* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais.**
>
> *Tuarascálacha Bliantúla. Athbhreithnithe Timthriallacha.* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais.**

# 5.4 Tuairimí breise

Chuir seacht n-institiúid ardoideachais tuairimí breise isteach. I bhformhór na dtuairimí sin (ceithre cinn), cuireadh in iúl an athuair pointí ginearálta a leagadh amach níos luaithe. Ghabh institiúid ardoideachais amháin buíochas leis an ÚAO as an bpíosa taighde seo, agus d'iarr institiúid eile tuilleadh treorach ar an ÚAO maidir le ceanglais sa réimse seo:

> *B'fhiú don ÚAO creat nó treoir a sholáthar do na hinstitiúidí ardoideachais uile maidir leis na nithe ba cheart a chur ar áireamh agus a thuairisciú faoin soláthar Seirbhísí do Mhic Léinn agus faoi chaiteachas ar Sheirbhísí do Mhic Léinn, ar mhaithe le soiléire, comhsheasmhacht agus inchomparáideacht a bhaint amach ar fud na n-institiúidí ardoideachais uile.* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais.**

Thagair institiúid ardoideachais amháin don ghníomhaíocht a sheol QQI le déanaí i réimse na seirbhísí do mhic léinn agus do chreat feabhsúcháin a bhunú:

> *… ba cheart a thabhairt faoi deara gur bunaíodh creat feabhsúcháin tríd an athbhreithniú a rinne QQI ar Sheirbhísí do Mhic Léinn le déanaí faoin bpróiseas Cáilíochta Réimsí Feidhme.* **Sliocht as Freagra ó Institiúid Ardoideachais.**

# 6. Plé

Tháinig athrú mór ar thimpeallacht ardoideachais na hÉireann ó tugadh Ranníocaíocht na Mac Léinn isteach sa bhliain 2011 agus ó tugadh Creat Athbhreithnithe um Dhea-Chleachtas maidir le Rannpháirtíocht Mac Léinn i bPróisis Leithdháilte Inmheánacha isteach an bhliain chéanna. Rud ba shuntasaí fós, chumaisc dhá iar-institiúid teicneolaíochta dhéag ina gcúig ollscoil teicneolaíochta nua ó bhí an bhliain 2019 ann. Glacadh saincholáistí eile isteach in ollscoileanna traidisiúnta. Mar gheall ar na hathruithe sin agus ar an méid ama a chuaigh thart ó rinneadh an t-athbhreithniú is déanaí ar an réimse gníomhaíochta seo, is tráthúil an rud é breithniú a dhéanamh ar an gcleachtas reatha agus a chinneadh cé acu ba cheart nó nár cheart leasuithe nó feabhsuithe a dhéanamh ar mhaithe le héifeachtúlacht agus trédhearcacht an chleachtais sin a chinntiú.

Agus í bunaithe ar fhreagraí a thug 17 n-institiúid ardoideachais ar thuairisc theimpléadach, tugtar le fios san anailís seo gur ann do chomhsheasmhacht leathan ó thaobh cleachtais de i ndáil le socruithe comhairliúcháin agus tuairiscithe maidir le caiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn agus tobhach na mac léinn ar fud na hearnála ardoideachais. Tá na sásraí a úsáideann institiúidí ardoideachais chun dul i gcomhairle le mic léinn maidir le caiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn ag teacht go páirteach leis na ceithre ghné atá leagtha amach sa Chreat Athbhreithnithe um Dhea-Chleachtas.

Cé gur thuairiscigh formhór na n-institiúidí ardoideachais go ndéanann siad cineál éigin caidrimh le mic léinn maidir le caiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn, is beag fianaise á léiriú go ndéantar iarrachtaí tiomnaithe chun feabhas a chur ar an bpróiseas comhairliúcháin nó chun a chinntiú go ngabhtar go leordhóthanach sa phróiseas sin leithead na ndearcthaí atá ann i measc mic léinn (mar shampla, mic léinn ar líne, mic léinn foghlama cumaisc, agus mic léinn pháirtaimseartha). Níor thug ach dhá institiúid ardoideachais samplaí nithiúla de chaidreamh spriocdhírithe a dhéanamh i ndáil le conas is féidir feabhas a chur ar an gcomhairliúchán reatha le mic léinn sa réimse seo, áit ar chuir ceann amháin díobh caidreamh spriocdhírithe san áireamh i bpróiseas athbhreithnithe leanúnach agus ar thug an ceann eile aghaidh air mar chuid d’athbhreithniú straitéiseach a rinneadh sa bhliain 2024. I gcás na n-institiúidí eile, thagair siad do chruinnithe ginearálta le mic léinn, do thiomantas ginearálta do chomhairliúchán, nó d’ionadaíocht mac léinn ar choistí, gan aon díriú sonrach a leagan ar fheabhas a chur ar an bpróiseas comhairliúcháin. Cé gur ann do chomhairliúchán le mic léinn, tugann an méid sin le tuiscint go bhfuil caidreamh níos struchtúrtha agus níos trédhearcaí ag teastáil chun rannpháirtíocht fhiúntach mac léinn a chinntiú i gcinnteoireacht a bhaineann le caiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn.

Dar le formhór na n-institiúidí ardoideachais freisin, ní chuireann siad tuarascálacha bliantúla maidir le caiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn ná maidir le tobhaigh mac léinn ar fáil go poiblí, rud a laghdaíonn trédhearcacht. Is beag institiúid ardoideachais a sholáthraíonn tuarascálacha maidir le caiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn go gníomhach d’aontais mac léinn chun aiseolas a fháil uathu. Ina ionad sin, braitheann institiúidí ardoideachais ar ionadaithe aonair ó aontas na mac léinn chun faisnéis a scaipeadh. Mar gheall ar thionacht

ghearr na n-oifigeach ó aontais mac léinn agus ar an ualach trom oibre atá orthu, tá seans ann nach bhfuil an cur chuige sin ar an gcur chuige is éifeachtaí i leith rannpháirtíocht mac léinn i gcinnteoireacht airgeadais.

Is le tobhach mac léinn a ghearradh a bhaineann ceann amháin de na heisceachtaí suntasacha ón gcomhsheasmhacht ó thaobh cleachtais de atá ann ar fud na hearnála a fad: gné d'ollscoileanna traidisiúnta is ea tobhaigh mac léinn, den chuid is mó. Gearrtar na tobhaigh sin ag rátaí bliantúla measartha íseal ar mhic léinn lánaimseartha agus ar mhic léinn pháirtaimseartha araon, agus ar mhic léinn foghlama ar líne agus ar mhic léinn foghlama cumaisc freisin, chun cabhrú le tionscadail chaipitil (amhail saoráidí spóirt agus ionaid mac léinn) agus seirbhísí athfhillteacha amhail cothabháil saoráidí agus comhairleoireacht a chistiú. Ba trí vótáil mac léinn a tugadh tobhaigh isteach i ngach cás. I 50% de chásanna, tuairiscíodh go mbíonn ról ag mic léinn i gcinnteoireacht i gcónaí trí ionadaíocht mac léinn ar choistí iomchuí (tá seans ann go bhfuil an figiúr níos airde fós sa chleachtas, toisc nach ndearna gach institiúid ardoideachais trácht ar choistí sa fhreagra uathu ar an gceist). Ina theannta sin, tuairiscíonn beagnach 80% d'institiúidí ardoideachais ioncam agus caiteachas a bhaineann le tobhaigh do choistí airgeadais agus leithdháilte acmhainní, a thuairiscíonn ansin do chomhlacht ceannais na hinstitiúide. Dheimhnigh formhór na n-institiúidí ardoideachais go bhfuil ionadaíocht mac léinn ar na coistí sin freisin.

Cé gur tharla sé i gcás líon suntasach institiúidí ardoideachais (ocht gcinn — 47%) nár shainaithin siad aon fheabhsuithe nó gur athdhearbhaigh siad cleachtais a bhí ann cheana, mhol roinnt eile feabhsuithe sonracha chun feabhas a chur ar an bpróiseas comhairliúcháin le mic léinn maidir le caiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn agus tobhach na mac léinn. Áiríodh iad seo a leanas leis na príomh-mholtaí ina leith sin: grúpa comhairleach mac léinn a bhunú; téarmaí tagartha agus comhaltas coistí a leathnú; agus caiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn agus tobhaigh mac léinn a phlé go foirmiúil ag cruinnithe coistí iomchuí (agus iad a dhéanamh ina mbuanmhír ar an gclár oibre, b'fhéidir). Ina theannta sin, mhol roinnt institiúideacha ardoideachais go méadófaí trédhearcacht trí sheirbhísí do mhic léinn a shainaithint mar chatagóir caiteachais ar leith nó trí fhaisnéis airgeadais ghaolmhar a chur ar fáil ar shuíomhanna Gréasáin na hinstitiúide.

Cé nár mhol formhór na n-institiúidí ardoideachais (naoi gcinn — 53%) aon fheabhsuithe ar thrédhearcacht agus infheictheacht na socruithe tuairiscithe maidir le caiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn agus tobhach na mac léinn (trína chur in iúl go bhfuil siad sásta leis na socruithe reatha nó trí gan aon mholtaí sonracha a thabhairt), b'amhlaidh a shainaithin beagnach leath na n-institiúidí (ocht gcinn) feabhsuithe féideartha. Áiríodh iad seo a leanas leis na príomh-mholtaí ina leith sin: tuarascálacha agus miontuairiscí coistí a chur ar fáil ar bhonn níos leithne; agus iniúchadh a dhéanamh ar bhealaí inar féidir feabhas a chur ar chumarsáid le mic léinn, amhail comhoibriú ar bhealach níos dlúithe le haontais mac léinn agus timpeallachtaí foghlama fíorúla a úsáid chun na críche sin.

# 7. Conclúid

D’eascair an t-athbhreithniú seo as na hábhair imní a chuir Uachtaráin Aontais na Mac Léinn in iúl maidir leis an ngá atá le tuilleadh caidrimh agus comhairliúcháin leis an gcuallacht mac léinn agus le tuilleadh infheictheachta agus trédhearcachta maidir leis an tuairisciú ar chaiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn agus tobhach na mac léinn. Ba ar roinnt cúiseanna a thug institiúidí tobhaigh isteach (agus a leasaigh siad iad). Faightear amach san athbhreithniú seo go ndearnadh amhlaidh tar éis toiliú na mac léinn a fháil trí reifrinn i measc na cuallachta mac léinn i ngach cás. Tá sé ríthábhachtach go lorgófaí comhaontú na mac léinn maidir le tobhaigh den sórt sin, agus ba cheart leanúint le déanamh amhlaidh mar chuid de chleachtas ginearálta. Cé go n-aithnítear an dea-chleachtas sin, is cosúil, bunaithe ar na freagraí a fuair an ÚAO ó institiúidí ardoideachais, gur féidir feabhsuithe a dhéanamh go fóill i ndáil le comhairliúchán le mic léinn agus i ndáil le tuairisciú ar chaiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn agus tobhach na mac léinn ar mhaithe leis na nithe seo a leanas a chinntiú:

- comhsheasmhacht ó thaobh cleachtais de laistigh d’institiúidí ardoideachais agus ina measc, agus cineál neamhspleách na n-institiúidí á urramú an tráth céanna;
- comhairliúchán níos dírithe agus níos éifeachtaí le haontas na mac léinn agus leis an gcuallacht mac léinn i gcoitinne maidir le caiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn agus tobhach na mac léinn, *agus* a chinntiú go mbíonn próisis chomhairliúcháin oiriúnach don fheidhm i gcónaí; agus
- tuairisciú níos mine agus níos trédhearcaí ar chaiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn agus tobhach na mac léinn.

Moltar na gníomhartha seo a leanas chun na críche sin:

1. Agus an tuarascáil á scaipeadh ar institiúidí, ba cheart don ÚAO breithniú a dhéanamh ar litir a eisiúint chun aird a tharraingt ar dhea-chleachtas maidir le socruithe comhairliúcháin agus tuairiscithe a mhéid a bhaineann le caiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn agus tobhach na mac léinn. Bheadh fiúntas ag baint le hathbhreithniú tráthrialta a dhéanamh ar chur chun feidhme dea-chleachtais.
2. Ba cheart do gach institiúid ardoideachais bearta a dhéanamh go pras chun a chinntiú go bhfuil ionadaíocht ó aontas na mac léinn ann ar an bpríomhchoiste rialachais san institiúid a dhéanann formhaoirseacht ar chaiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn agus tobhach na mac léinn.
3. Ba cheart do gach institiúid ardoideachais bearta a dhéanamh go pras chun a chinntiú go bhfoilsítear faisnéis faoi chomhaltas agus téarmaí tagartha do na coistí rialachais uile.
4. Ba cheart do gach institiúid ardoideachais bearta a dhéanamh go pras chun a chinntiú gur ann d’infheictheacht maidir le caiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn agus tobhach na mac léinn, mar shampla trí thuarascálacha bliantúla a fhoilsiú

agus/nó trí na tuarascálacha sin a dhéanamh níos inrochtana do mhic léinn, lena n-áirítear aontas na mac léinn agus grúpaí mac léinn iomchuí eile.

5. Moltar do gach institiúid ardoideachais athbhreithniú a dhéanamh ar na sásraí atá i bhfeidhm faoi láthair le haghaidh dul i gcomhairle le mic léinn maidir le caiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn agus tobhach na mac léinn, mar aon le breithniú a dhéanamh ar bhealaí ina bhféadfaí feabhas a chur ar na sásraí sin. Ba cheart iarracht ar leith a dhéanamh a chinntiú go ngabhtar go cuí na dearcthaí atá ag mic léinn pháirtaimseartha, ag mic léinn ar líne agus ag mic léinn foghlama cumaisc.

# Aguisín A: Na hInstitiúidí Ardoideachais a bhí Rannpháirteach

Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh

Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire

Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan

Coláiste Mhuire gan Smál

Ollscoil Mhá Nuad

Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan

An Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha

Ollscoil Leighis agus Eolaíochtaí Sláinte Choláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn

Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt

Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath

Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne

Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

Coláiste na hOllscoile, Corcaigh

An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

Ollscoil na Gaillimhe

Ollscoil Luimnigh

# Aguisín B: Comhaltaí den Ghrúpa Oibre

An tOllamh P. Anne Scott, Cathaoirleach, Comhalta de Bhord an ÚAO

An Dr Richard Brophy, Rúnaí, an ÚAO

Chris Clifford, Uachtarán, Aontas na Mac Léinn in Éirinn, Comhalta de Bhord an ÚAO

Linda Darbey, an ÚAO

An tOllamh Paul McSweeney, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh

Faye Ní Dhomhnaill*/Dean Kenny**, Uachtarán Aontas na Mac Léinn, Ollscoil na Gaillimhe

An Dr Áine Ní Shé, Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan

Frances O'Connell, Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne

Shauna O'Toole*/Brian Jordan**, Uachtarán Aontas na Mac Léinn, Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath

*Bealtaine 2024–Aibreán 2025

**Bealtaine–Iúil 2024

# Aguisín C: Treoir maidir leis an Teimpléad Tuairiscithe

## Forbhreathnú

Agus iad ag freagairt don teimpléad tuairiscithe, iarrtar ar gach institiúid ardoideachais faisnéis a thabhairt faoi na struchtúir atá i bhfeidhm san institiúid:

- chun dul i gcomhairle le mic léinn maidir le caiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn agus tobhach na mac léinn
- chun tuairisciú ar chaiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn agus tobhach na mac léinn.

Ba cheart aon fhreagra amháin a bheith ann in aghaidh na hinstitiúide.

Tá an t-athbhreithniú ag déanamh scrúdú ar na sásraí atá i bhfeidhm don bhliain acadúil 2024/25. Mura bhfuil faisnéis (e.g., faisnéis maidir le tuairisciú) ar fáil go fóill don bhliain acadúil 2024/25, áfach, tabhair faisnéis don bhliain acadúil 2023/24 (sonraigh na cásanna sin ina bhfuil an bhliain acadúil 2023/24 i gceist).

**Institiúidí a bhfuil níos mó ná campas amháin acu**: Aithnítear, a mhéid a bhaineann le tobhach na mac léinn, go bhfuil seans ann go bhfuil socruithe difriúla i bhfeidhm ar fud na gcampas uile. Níor cheart tagairt a dhéanamh ach do champais atá suite laistigh d'Éirinn.

## Téarmaíocht

Tá na mínithe seo a leanas ar théarmaí tugtha chun tacú leis an teimpléad a chomhlánú. Aithnítear gur féidir gur ann do dhifríochtaí i measc na n-institiúidí.

Chun críocha an athbhreithnithe seo, meastar gurb ionann **Seirbhísí do Mhic Léinn** agus seirbhísí a thacaíonn le 'leas mac léinn lasmuigh de chomhthéacs a gcláir acadúil fhoirmiúil'[19]. Is féidir go n-áirítear na réimsí seo a leanas le Seirbhísí do Mhic Léinn i gcoitinne: 'leas agus treoir', amhail an tSeirbhís Comhairleoireachta Mac Léinn; Gníomhaíochtaí Seach-churaclaim, amhail spórt agus áineas; agus cóiríocht agus cúram leanaí, amhail an oifig cóiríochta, an naíolann do mhic léinn, etc.

Féadfaidh institiúidí **tobhach mac léinn** arna chomhaontú leis an gcuallacht mac léinn[20] a ghearradh chun freastal ar chostais a bhaineann le clubanna spóirt, cumainn mac léinn, Aontas na Mac Léinn nó comhlachtaí ionadaíocha. Féadfar táille caipitíochta mac

[19] Tuarascáil ón nGrúpa Oibre um Ranníocaíocht na Mac Léinn, Samhain 2011.
[20] Athbhreithniú an ÚAO ar Mhuirear na Mac Léinn, Lúnasa 2010.

léinn/tobhach ar ionaid mac léinn/muirear ar ionaid mac léinn, etc., a ghairm den tobhach freisin.

**Cláir pháirtaimseartha** — aithnítear gur féidir go sainmhínítear an téarma 'páirtaimseartha' ar bhealaí éagsúla i measc na n-institiúidí ardoideachais difriúla. Dá bhrí sin, i gcás go bhfuil soláthar páirtaimseartha ar fáil, iarrtar ar an institiúid ardoideachais a shonrú conas a shainmhíníonn sí an téarma 'páirtaimseartha'. I gcásanna áirithe, mar shampla, baineann staidéar páirtaimseartha leis an líon creidiúintí ECTS nó leis an modh soláthair, e.g., san oíche nó ag an deireadh seachtaine.

**Cláir ar líne** — cláir a sholáthraítear go hiomlán ar líne. **Cláir chumaisc** — meascán de láithreacht ar líne agus de láithreacht i bpearsa.

Is é atá sa teimpléad tuairiscithe ná trí rannán: Rannán I – 'Seirbhísí do Mhic Léinn'; Rannán II – 'Tobhach Mac Léinn'; agus Rannán III – 'Caiteachas ar Sheirbhísí do Mhic Léinn agus Tobhach na Mac Léinn'. Ós rud é go bhfuil an teimpléad tuairiscithe dírithe ar na sásraí comhairliúcháin agus tuairiscithe atá i bhfeidhm maidir le caiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn agus tobhach na mac léinn, aithnítear gur féidir go mbeidh freagra ar cheist ar leith i Rannán I ábhartha maidir le Rannán II freisin. I gcás go dtarlóidh sé sin, breathnaigh ar an bhfreagra a tugadh roimhe sin, más iomchuí.

# Aguisín D: Teimpléad Tuairiscithe

**Ainm na hInstitiúide**: Cliceáil nó tapáil anseo chun téacs a iontráil.

**An líon campas (laistigh d'Éirinn)**: Roghnaigh mír.

**Luaigh ainm/suíomh an champais nó na gcampas**:Cliceáil nó tapáil anseo chun téacs a iontráil.

## Rannán I: Seirbhísí do Mhic Léinn

**1. Comhairliúchán le mic léinn maidir le caiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn**

a. Tabhair forbhreathnú ar na struchtúir (lena n-áirítear an tuairisciú a dhéantar tríd an gcomhlacht ceannais) a úsáideann d'institiúid chun dul i gcomhairle le mic léinn maidir le caiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn. Cliceáil nó tapáil anseo chun téacs a iontráil.

b. Tabhair an fhaisnéis seo a leanas sa tábla thíos:

- Teidil na gcoistí sonracha agus na línte tuairiscithe (e.g., tuairisciú don Chomhairle Acadúil agus ansin don Bhord Ceannais nó don Údarás Ceannais, nó tuairisciú go díreach don Bhord Ceannais nó don Údarás Ceannais.
- An líon uaireanta a thagann na coistí le chéile le linn na bliana acadúla.
- An ionadaíocht mac léinn ar na coistí, e.g., Uachtarán/Oifigeach Oideachais Aontas na Mac Léinn, etc.

| **Teideal an choiste:** | **An líon cruinnithe 2024/25:** | **Líne tuairiscithe:** | **Ionadaíocht mac léinn:** |
|---|---|---|---|
| Cliceáil nó tapáil anseo chun téacs a iontráil. | Roghnaigh mír. | Cliceáil nó tapáil anseo chun téacs a iontráil. | Cliceáil nó tapáil anseo chun téacs a iontráil. |
| Cliceáil nó tapáil anseo chun téacs a iontráil. | Roghnaigh mír. | Cliceáil nó tapáil anseo chun téacs a iontráil. | Cliceáil nó tapáil anseo chun téacs a iontráil. |
| Cliceáil nó tapáil anseo chun téacs a iontráil. | Roghnaigh mír. | Cliceáil nó tapáil anseo chun téacs a iontráil. | Cliceáil nó tapáil anseo chun téacs a iontráil. |
| Cliceáil nó tapáil anseo chun téacs a iontráil. | Roghnaigh mír. | Cliceáil nó tapáil anseo chun téacs a iontráil. | Cliceáil nó tapáil anseo chun téacs a iontráil. |

An bhfuil téarmaí tagartha agus struchtúr comhaltais an choiste nó na gcoistí thuasluaite ar fáil go poiblí? Tá ☐ Níl ☐

Má fhoilsítear an fhaisnéis sin ar shuíomh Gréasáin na hinstitiúide, tabhair an URL nó na URLanna lena mbaineann.
**URL nó URLanna**: Cliceáil nó tapáil anseo chun téacs a iontráil.

c. An bhfuil sé amhlaidh go ndearnadh caidreamh le mic léinn maidir le conas is féidir feabhas a chur ar an bpróiseas comhairliúcháin? Tá ☐ Níl ☐
Má tá, tabhair tuilleadh mionsonraí faoin gcaidreamh a rinneadh: Cliceáil nó tapáil anseo chun téacs a iontráil.

Mura bhfuil, tabhair míniú, agus an bhfuil sé beartaithe caidreamh den sórt sin a dhéanamh? Cliceáil nó tapáil anseo chun téacs a iontráil.

**2. Trédhearcacht agus infheictheacht socruithe tuairiscithe**
Cé na socruithe tuairiscithe atá i bhfeidhm maidir le caiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn? Luaigh (agus tabhair faisnéis iomchuí, e.g., URL) cé acu a fhoilsítear nó nach bhfoilsítear an fhaisnéis ar shuíomh Gréasáin na hinstitiúide agus/nó cé acu a sholáthraítear nó nach soláthraítear d'Aontas na Mac Léinn í (nóta: mura bhfuil faisnéis ar fáil go fóill don bhliain acadúil 2024/25, is féidir tagairt a dhéanamh d'fhaisnéis don bhliain acadúil 2023/24).

Forbhreathnú ar shocruithe tuairiscithe: Cliceáil nó tapáil anseo chun téacs a iontráil.

**URL nó URLanna**: Cliceáil nó tapáil anseo chun téacs a iontráil.

## Rannán II: Tobhach Mac Léinn

**3.** An bhfuil tobhach mac léinn i bhfeidhm i d'institiúid don bhliain acadúil 2024/25?
Tá ☐ Níl ☐

Má tá, freagair ceist 4 go ceist 9 thíos. Mura bhfuil, téigh ar aghaidh go **Rannán III**.

**4.** Tá seans ann go n-úsáidtear teidil dhifriúla ar fud na n-institiúidí difriúla chun tagairt do thobhach na mac léinn, e.g., táille caipitíochta, etc. Luaigh an teideal nó na teidil a bhaineann le tobhach nó tobhaigh na mac léinn i d'institiúid féin (ar fud na gcampas uile). Má úsáidtear níos mó ná teideal amháin, tabhair tuilleadh mionsonraí. Cliceáil nó tapáil anseo chun téacs a iontráil.

**5.** Mínigh go hachomair an réasúnaíocht ba bhun le gach tobhach mac léinn a thabhairt isteach (breathnaigh ar na teidil atá luaite i do fhreagra ar cheist 4, más cuí), agus leag amach conas a úsáidtear an cistiú a ghintear le gach tobhach. Cliceáil nó tapáil anseo chun téacs a iontráil.

**6.** Comhlánaigh an tábla thíos do thobhaigh na mac léinn atá i bhfeidhm don bhliain acadúil 2024/25.

| **An Teideal ar Thobhach na Mac Léinn:** | **An Bhliain inar tugadh an Tobhach isteach:** | **An Bhliain ina dtiocfaidh an Tobhach chun deiridh:** |
|---|---|---|
| Cliceáil nó tapáil anseo chun téacs a iontráil. | Cliceáil nó tapáil anseo chun téacs a iontráil. | Cliceáil nó tapáil anseo chun téacs a iontráil. |
| Cliceáil nó tapáil anseo chun téacs a iontráil. | Cliceáil nó tapáil anseo chun téacs a iontráil. | Cliceáil nó tapáil anseo chun téacs a iontráil. |
| Cliceáil nó tapáil anseo chun téacs a iontráil. | Cliceáil nó tapáil anseo chun téacs a iontráil. | Cliceáil nó tapáil anseo chun téacs a iontráil. |

**Nóta**: mura bhfuil an dáta deiridh ar eolas nó mura bhfuil aon dáta deiridh comhaontaithe, tabhair míniú. Cliceáil nó tapáil anseo chun téacs a iontráil.

**7. Na Leibhéil den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí a bhfuil feidhm ag tobhach mac léinn maidir leo** (agus tú ag tabhairt freagra ar cheist 7, is féidir gur fiú duit breathnú ar na freagraí a thug tú ar na ceisteanna thuas).

a. **Cláir i bpearsa** — comhlánaigh an tábla thíos trína roghnú cé na Leibhéil den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí a bhfuil feidhm ag tobhach mac léinn maidir leo. I gcás go bhfuil feidhm ag tobhach maidir leis an institiúid ar fad (na campais uile) nó maidir le campas ar leith, ba cheart é sin a shonrú.

| **Roghnaigh an Leibhéal den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí** | **Ceangaltas Cláir**<br>**Cuir tic le gach ceann a bhaineann le hábhar** | | **Sonraigh an bhfuil feidhm ag an tobhach maidir leis an Institiúid ar fad (na campais uile) nó maidir le campas ar leith** |
|---|---|---|---|
| | Lánaimseartha ☐ | Páirtaimseartha ☐ | Roghnaigh mír. |
| | Lánaimseartha ☐ | Páirtaimseartha ☐ | Roghnaigh mír. |
| | Lánaimseartha ☐ | Páirtaimseartha ☐ | Roghnaigh mír. |
| | Lánaimseartha ☐ | Páirtaimseartha ☐ | Roghnaigh mír. |
| | Lánaimseartha ☐ | Páirtaimseartha ☐ | Roghnaigh mír. |
| | Lánaimseartha ☐ | Páirtaimseartha ☐ | Roghnaigh mír. |
| | Lánaimseartha ☐ | Páirtaimseartha ☐ | Roghnaigh mír. |
| Eile | Cliceáil nó tapáil anseo chun téacs a iontráil. | | |

**(i)** **Cláir lánaimseartha:** Sonraigh na seirbhísí a chistítear leis an tobhach agus atá ar fáil do mhic léinn lánaimseartha, agus tarraing aird ar aon difríochtaí atá ann idir cláir fochéime agus cláir iarchéime.
Cliceáil nó tapáil anseo chun téacs a iontráil.

**(ii)** **Cláir pháirtaimseartha:** Má roghnaíodh 'páirtaimseartha' thuas, mínigh conas a shainmhíníonn an institiúid an téarma 'páirtaimseartha' (e.g., níos lú ná 60 creidiúint ECTS a bheith i gceist, nó de réir modh soláthair, e.g., san oíche nó ag an deireadh seachtaine).
Cliceáil nó tapáil anseo chun téacs a iontráil.

Ar aon dul leis an méid thuas, tarraing aird ar na seirbhísí a chistítear leis an tobhach agus atá ar fáil do mhic léinn pháirtaimseartha, agus sonraigh aon difríochtaí atá ann idir cláir fochéime agus cláir iarchéime.
Cliceáil nó tapáil anseo chun téacs a iontráil.

**(iii)** **Institiúidí a bhfuil níos mó ná campas amháin acu** (má bhaineann le hábhar): An bhfuil aon éagsúlacht ann maidir leis na rátaí tobhaigh mac léinn a ghearrtar ar fud na gcampas uile? Tabhair míniú (i do fhreagra, tarraing aird ar na seirbhísí/na réimsí a chistítear leis an tobhach agus atá ar fáil do mhic léinn atá lonnaithe ar champais dhifriúla).
Cliceáil nó tapáil anseo chun téacs a iontráil.

**b. Cláir ar líne**

An bhfuil feidhm ag aon tobhach mac léinn maidir le mic léinn (a chónaíonn go príomha in Éirinn) atá ag gabháil do chlár a sholáthraítear go hiomlán ar líne? Tá ☐ Níl ☐ Ní bhaineann le hábhar ☐

Má tá, roghnaigh an Leibhéal den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí, agus sonraigh cé acu a sholáthraítear an clár go lánaimseartha agus/nó go páirtaimseartha.

| Leibhéal den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí | Lánaimseartha | Páirtaimseartha |
|---|---|---|
| | ☐ | ☐ |
| | ☐ | ☐ |
| | ☐ | ☐ |
| | ☐ | ☐ |
| | ☐ | ☐ |
| | ☐ | ☐ |
| | ☐ | ☐ |
| Eile | Cliceáil nó tapáil anseo chun téacs a iontráil. | |

An bhfuil sé amhlaidh gurb ionann an tobhach a ghearrtar ar mhic léinn ar líne agus an tobhach a ghearrtar ar mhic léinn a fhreastalaíonn i bpearsa?

Tá ☐ Níl ☐ Ní bhaineann le hábhar ☐

Tabhair míniú (i do fhreagra, sonraigh na seirbhísí a chistítear leis an tobhach agus atá ar fáil do mhic léinn ar líne). Cliceáil nó tapáil anseo chun téacs a iontráil.

**c. Cláir chumaisc**

An bhfuil feidhm ag aon tobhach mac léinn maidir le mic léinn atá ag gabháil do chlár cumaisc a sholáthraítear ar líne agus i bpearsa araon? Tá ☐ Níl ☐ Ní bhaineann le hábhar ☐

Má tá, roghnaigh an Leibhéal den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí, agus sonraigh cé acu a sholáthraítear an clár go lánaimseartha agus/nó go páirtaimseartha.

| **Leibhéal den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí** | **Lánaimseartha** | **Páirtaimseartha** |
|---|---|---|
| | ☐ | ☐ |
| | ☐ | ☐ |
| | ☐ | ☐ |
| | ☐ | ☐ |
| | ☐ | ☐ |
| | ☐ | ☐ |
| | ☐ | ☐ |
| Eile | Cliceáil nó tapáil anseo chun téacs a iontráil. | |

An bhfuil sé amhlaidh gurb ionann an tobhach a ghearrtar ar na mic léinn sin agus an tobhach a ghearrtar ar mhic léinn a fhreastalaíonn i bpearsa? Tabhair míniú (i do fhreagra, sonraigh na seirbhísí a chistítear leis an tobhach agus atá ar fáil do mhic léinn ar chláir chumaisc). Cliceáil nó tapáil anseo chun téacs a iontráil.

**8. Comhairliúchán le mic léinn maidir le tobhach na mac léinn** (is féidir gur fiú duit breathnú ar na freagraí a thug tú thuas).

Tabhair breac-chuntas gairid ar an gcaidreamh agus ar an gcomhairliúchán a rinneadh le mic léinn i ndáil le tobhach na mac léinn a thabhairt isteach (lenar áiríodh comhairliúchán maidir leis na seirbhísí/na réimsí a chistítear leis an tobhach agus caidreamh ina dhiaidh sin le mic léinn maidir le hathruithe sa dóigh a leithdháiltear cistiú). I do fhreagra, is féidir gur fiú duit breathnú ar na coistí atá liostaithe i do fhreagra ar cheist 1 faoin gceannteideal 'caiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn'. Cliceáil nó tapáil anseo chun téacs a iontráil.

**9. Sásraí tuairiscithe atá i bhfeidhm do thobhach na mac léinn**

Cé na sásraí tuairiscithe atá i bhfeidhm le haghaidh ioncam agus caiteachas a bhaineann le tobhach na mac léinn a thuairisciú? I do fhreagra, déan tagairt do na sásraí atá i

bhfeidhm faoi láthair le haghaidh dul i gcomhairle/caidreamh a dhéanamh le mic léinn. An bhfuil sé amhlaidh go bhfoilsítear an fhaisnéis sin ar shuíomh Gréasáin na hinstitiúide agus/nó go soláthraítear d'Aontas na Mac Léinn í?
Cliceáil nó tapáil anseo chun téacs a iontráil.
**Soláthair URL nó URLanna, má bhaineann le hábhar**: Cliceáil nó tapáil anseo chun téacs a iontráil.

### Rannán III: Caiteachas ar Sheirbhísí do Mhic Léinn agus Tobhach na Mac Léinn

**10.** Cé na feabhsuithe sonracha is féidir a dhéanamh (i) chun feabhas a chur ar an bpróiseas comhairliúcháin le mic léinn (caiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn agus tobhach na mac léinn):
Cliceáil nó tapáil anseo chun téacs a iontráil.
(ii) chun feabhas a chur ar thrédhearcacht agus infheictheacht na socruithe tuairiscithe (caiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn agus tobhach na mac léinn). Cliceáil nó tapáil anseo chun téacs a iontráil.

**11.** Agus tú ag déanamh machnamh ar na cleachtais atá i bhfeidhm ag d'institiúid (caiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn agus tobhach na mac léinn), cé na gnéithe a mheasann tú a bheith ina ndea-chleachtas maidir leis na struchtúir/na sásraí atá i bhfeidhm:

(i) chun dul i gcomhairle le mic léinn: Cliceáil nó tapáil anseo chun téacs a iontráil.

(ii) chun trédhearcacht agus infheictheacht an tuairiscithe a chinntiú: Cliceáil nó tapáil anseo chun téacs a iontráil.

**12.** Ar mhaith leat aon tuairimí breise a chur in iúl? Cliceáil nó tapáil anseo chun téacs a iontráil.

### Mionsonraí Teagmhála an Fhreagraí:

**Ainm**: Cliceáil nó tapáil anseo chun téacs a iontráil.
**Rannóg/Réimse**: Cliceáil nó tapáil anseo chun téacs a iontráil.

**Ról**: Cliceáil nó tapáil anseo chun téacs a iontráil.
**Ríomhphost**: Cliceáil nó tapáil anseo chun téacs a iontráil.

HEA

An tÚdarás um Ard-Oideachas
The Higher Education Authority